tuairisc bhliantúil
annual report

2003

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
National Council on Ageing and Older People

Tuarascáil Uimh. 83

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
National Council on Ageing and Older People

tuairisc bhliantúil annual report

2003

22 Cearnóg Chlann Liam, Cé na Mórchanálach, Baile Átha Cliath 2
22 Clanwilliam Square, Grand Canal Quay, Dublin 2
Teil: +353-1-6766484 Facs: +353-1-6765754
R-phost: info@ncaop.ie Gréasán: www.ncaop.ie

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil Uimh. 83

© An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta, 2004
ISBN 1 900378 34 5

Íomhá an chlúdaigh le caoinchead Sandwell Third Age Arts (uimh. charthanachta 1094820).
Is é atá mar sprioc ag STAA ná leas daoine aosta a bhfuil riachtanais sláinte meabhrach acu a fheabhsú trí na hEalaíona.
Le breis faisnéise a fháil déan teagmháil le +44-121-5532722.

Clár

Réamhfhocal **3**

Réamhrá **4**

Téarmaí Tagartha 4

Ballraíocht agus Coistí na Comhairle 6

Rúnaíocht na Comhairle 8

Tadhall: Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 9

Clár Oibre na Comhairle 2003 **11**

1. Cuidiú le Próiseas Forbartha Sheirbhísí Polasaí agus Caighdeáin do Dhaoine Aosta 12

2. Cuimsitheacht Shóisialta do Dhaoine Aosta a Chur Chun Cinn 25

3. Sláinte, Leas agus Uathriail Daoine Aosta a Chur Chun Cinn in Éirinn 27

4. Tuiscint Níos Fearr ar Aosú agus ar Dhaoine Aosta a Chur Chun Cinn 38

Forbairtí in 2003 **41**

Comhall le Reachtaíocht agus Rialacháin Eile **47**

Cuntais **51**

Foilseacháin **63**

Réamhfhocal

Ba bhliain ghnóthach agus thorthúil í 2003 don Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta agus lena linn lean an Chomhairle dá sainordú a chomhlíonadh maidir le comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus ar Airí eile i dtaca le gnéithe uile d'aosú agus daoine aosta in Éirinn.

Is treoir agus bunús don Chomhairle ina cuid oibre an raon de bheartais, riachtanais reachtúla agus bunchaipéisí a bhaineann le sláinte agus buntáiste sóisialta a ghnóthú do dhaoine aosta in Éirinn. Sa chomhthéacs seo, chuir foilsiú i Meitheamh 2003, *Health Services Reform Programme,* mórfhorbairt in iúl i dtaca leis an gComhairle agus lena cuid oibre sna blianta atá ag teacht.

Chuaigh Clár Oibre na Comhairle chun cinn i 2003 i réimsí éagsúla, mar atá, taighde, polasaí, aosú sláintiúil agus cumarsáid. I dtéarmaí taighde, i mí Bealtaine seoladh mórstaidéar ar ról agus forbairt sheirbhísí lae in Éirinn sa todhchaí ag comhdháil náisiúnta sa Tulach Mhór. Agus é bunaithe ar shraith d'agallaimh dhoimhne ar thart ar 180 freagróir, tá foilsiú na tuarascála seo tráthúil i bhfianaise an aistriú béime atá ann faoi láthair i dtreo chúram baile agus seirbhísí pobail do dhaoine aosta, mar a léirítear sa Straitéis Náisiúnta Sláinte, *Quality and Fairness: A Health System for You* (Roinn Sláinte agus Leanaí, 2001).

Níos déanaí sa bhliain, d'fhoilsigh an Chomhairle staidéar tábhachtach dar teideal *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation*. Is aithbhreithniú cuimsitheach é seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le haosú sláintiúil atá á chur i bhfeidhm in Éirinn ag boird sláinte, eagraíochtaí proifisiúnta, forbairt pobail agus áisínteachtaí deonacha. Tugadh faoi chun slata tomhais a chur ar fáil do dhea-chleachtas agus do mheasúnacht a bheidh mar bhunús ag cleachtóirí agus lucht beartais a dhéanamh araon agus táthar ag dréim le sláinte fheabhsaithe agus iarmhairtí sóisialta do dhaoine aosta dá bharr. Seoladh an tuarascáil ag comhdháil náisiúnta aon-lae ar aosú sláintiúil i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna.

Ba é an mhórfhorbairt eile i réimse an aosaithe sláintiúil ná Bunachar Sonraí na Comhairle ar Aosú Sláintiúil a cruthaíodh le linn na bliana. Is bunachar sonraí náisiúnta é seo atá uashonraithe agus athmhúnlaithe de thionscadail agus seirbhísí a chuireann sláinte agus dea-bhail chun cinn i measc daoine aosta agus bailíodh an t-eolas dó le linn sraith d'ocht seimineár éagsúla de chuid bhord sláinte ar fud na tíre. Is ábhar sástachta é a thabhairt faoi deara ann an leibhéal ard comhoibrithe a fuair an Chomhairle ó réimse leathan cleachtóirí a bhfuil an tionscadal faoi chomaoin ag an gcuidiú a thug siad.

Mar chomhlacht a chuireann in iúl riachtanais agus cúraimí dhaoine aosta, chuir an Chomhairle aighneachtaí i dtaca le réimse leathan ceisteanna faoi bhráid Ranna Rialtais, áisínteachtaí reachtúla agus chomhlachtaí eile. Cuimsíonn siad seo Aighneacht Réamh-Bhuiséid don Aire Airgeadais, aighneacht do Chomhchoiste an Oireachtais ar Ghnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh maidir le stáid chúramóirí lán-aimseartha agus páipéar faisnéise don Choimisiún Athchóirithe Dlí i dtaca le strúchtúir chun daoine aosta a chosaint ar chineálacha éagsúla droch-íde.

Maidir leis an ngné chumarsáide dá cuid oibre, lean an Chomhairle dá cuid foilseachán a scaipeadh ar na hearnálacha reachtúla agus neamhreachtúla araon. Chuir sí tús le fiontar nua freisin – dhá fhógra ghearra teilifíse a léiriú faoi aosú.

I gcaitheamh na bliana b'onóir liom glacadh le Cathaoirleacht na Comhairle agus mar Chathaoirleach fáilte a chur roimh roinnt ball nua ar an gComhairle. Tá áthas orm a rá ag deireadh na bliana gur chuidigh na baill nua, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, go mór le hobair na Comhairle. Ba mhaith liom mo bhuíochas croí a chur in iúl, do bhaill na Comhairle atá ann agus dóibh siúd a dtáinig a dtéarma oifige chun críche le linn na bliana, as an am, saineolas, fuinneamh agus tiomantas a thug siad le dea-thoil don tasc a bhaineann le sláinte agus buntáiste sóisialta ár gcuid saoránach aosta a chur chun cinn.

Mar chríoch, ba mhaith liom mo mheas a chur in iúl d'Fhoireann Rúnaíochta na Comhairle as an gcabhair sár-luachmhar a thug siad d'obair na heagraíochta.

Éibhlin Byrne

Comh. Éibhlin Byrne *Cathaoirleach CNADA*

Réamhrá

Is áisínteacht reachtúil í an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta atá maoinithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Bunaíodh í ar an 19 Márta 1997 in áit na Comhairle Náisiúnta don Aosach (Eanáir 1990 go Márta 1997) agus na Comhairle Náisiúnta do Dhaoine Aosta (Meitheamh 1981 go Eanáir 1990) agus is comhlacht corparáideach í an Chomhairle a bhfuil stádas neamhspleách dlíthiúil agus riaracháin aici.

Is í a céad fheidhm ná tuiscint chuimsitheach maidir le haosú agus pobal aosta na hÉireann a fhorbairt chun an chomhairle is fearr is féidir a chur ar fáil don Aire Sláinte agus Leanaí, an t-Aire atá freagrach as Seirbhísí do Dhaoine Aosta ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Airí eile agus iad siúd go léir a bhfuil baint acu le leas daoine aosta in Éirinn.

Maidir leis sin, cuireann an Chomhairle riachtanais agus cúraimí dhaoine aosta in Éirinn in iúl agus déanann sí moltaí atá bunaithe ar fhianaise i dtaca leis na gníomhaíochtaí is ceart a dhéanamh chun na fadhbanna a bhíonn acu a réiteach. Oibríonn an Chomhairle go háirithe chun sláinte agus cuimsitheacht shóisialta dhaoine aosta a chur chun cinn, chomh maith le comhairle a chur i dtaca leis na bealaí chun freastal ar riachtanais an chuid is soghonta den phobal aosta agus na bealaí chun dearcadh dearfach a spreagadh maidir leis an saol i ndiaidh aois 65. Gníomhaíonn an Chomhairle chomh maith chun comhordú níos fearr idir comhlachtaí poiblí a bhaint amach ag na leibhéil náisiúnta agus áitiuil i bpleanáil agus i soláthar sheirbhísí do dhaoine aosta.

Téarmaí Tagartha

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta ar an 19 Márta 1997 in áit na Comhairle Náisiúnta d'Aosaigh (Eanáir 1990 go Márta 1997) agus na Comhairle Náisiúnta do Dhaoine Aosta (Meitheamh 1981 go Eanáir 1990).

Is iad feidhmeanna na Comhairle mar seo a leanas:

1. Comhairle a chur ar an Aire Sláinte maidir le gach gné a bhaineann le haosú agus leas daoine aosta, ar a conlán féin nó ar achainí an Aire agus go háirithe i dtaca le:

    a) bearta chun sláinte dhaoine aosta a chur chun cinn;

    b) bearta chun cuimsitheacht shóisialta dhaoine aosta a chur chun cinn;

    c) cur i bhfeidhm na moltaí a bhíonn i dtuarascálacha polasaí a bhíonn coimisiúnaithe ag an Aire Sláinte;

    d) modhanna le comhordú idir comhlachtaí poiblí ag leibhéil náisiúnta agus áitiúil a chinntiú i bpleanáil agus soláthar seirbhísí do dhaoine aosta;

    e) modhanna le comhpháirtíocht níos mó a spreagadh idir comhlachtaí reachtúla agus deonacha i soláthar seirbhísí do dhaoine aosta;

    f) freastal ar riachtanais na ndaoine aosta is leochailí;

    g) na bealaí le dearcaí dearfacha a spreagadh maidir leis an saol i ndiaidh aois 65 bliain agus le próiseas an aosaithe;

    h) modhanna le rannpháirtíocht níos mó ag daoine aosta a spreagadh;

    i) cibé gníomh, bunaithe ar thaighde, is gá chun seirbhísí le haghaidh daoine aosta a phleanáil agus a fhorbairt.

2. Cuidiú le polasaithe agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha atá ceaptha le sochar sláinte agus sóisialta dhaoine aosta a bhaint amach le:

    a) tabhairt faoi thaighde ar nós maireachtála agus riachtanais daoine aosta in Éirinn;

    b) eiseamláirí dea-chleachtais i gcúram daoine aosta a shainaithint agus a chur chun cinn agus an seachadadh leo a sheirbhísiú;

    c) faisnéis agus comhairle atá bunaithe ar thorthaí thaighde a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le forbairt agus/nó cur i bhfeidhm pholasaithe agus seirbhísí a bhaineann le sláinte, dea-bhail agus uathriail dhaoine aosta;

    d) comhthadhall le comhlachtaí reachtúla, deonacha agus proifisiúnta a bhfuil baint acu le forbairt agus/nó cur i bhfeidhm pholasaithe náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil mar aidhm acu sochar sláinte nó sóisialta dhaoine aosta.

3. Sláinte, dea-bhail agus uathriail dhaoine aosta a chur chun cinn.

4. Tuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta in Éirinn a chur chun cinn.

5. Comhthadhall le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil feidhmeanna acu atá comhchosúil le feidhmeanna na Comhairle.

Is féidir leis an gComhairle comhairle a chur ar Airí eile, má iarrann siad í, maidir le gnéithe aosaithe agus dea-bhail dhaoine aosta a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle.

Ballraíocht agus Coistí na Comhairle

Baineann baill na Comhairle le cuid mhaith slite beatha, is as áiteanna éagsúla in Éirinn iad agus is é an tAire Sláinte agus Leanaí a cheapann iad. Cé nach gceaptar na baill le hionadaíocht a dhéanamh d'eagraíochtaí nó sainleasanna sonracha, cuidíonn a réimse leathan cúraimí, taithí agus cumais leis an gComhairle.

Ballraíocht na Comhairle in 2003

Cathaoirleach An Comh. Éibhlin Byrne

John Brady	An Dr Ruth Loane	Noel Byrne	Sylvia Meehan
Kit Carolan	Mary O'Neill	Paul Cunningham	Paddy O'Brien
Iarla Duffy	An Dr Davida de la Harpe	John Grant	Bernard Thompson
Frank Goodwin	Martina Queally	Patricia Lane	

Ceapadh na baill seo a leanas don Chomhairle i Meitheamh 2003:

An Dr Michael Loftus	Pauline Clancy-Seymour	An Comh. Jim Cousins	Michael Dineen
An Dr Ciaran Donegan	An tAth Peter Finnerty	James Flanagan	Eamon Kane
Michael Murphy	Pat O'Toole	Mary Nally	Rosemary Smith
Martha Sullivan	Eddie Wade		

Cruinnithe in 2003 6

Coiste Bainistíochta

Cathaoirleach An Comh. Éibhlin Byrne

Bernard Thompson	John Brady	Sylvia Meehan	Frank Goodwin
Bob Carroll	An Dr Michael Loftus	An Comh. Jim Cousins	Pat O'Toole

Cruinnithe in 2003 7

Fo-choiste Iniúchóireachta

Cathaoirleach Bernard Thompson

An Comh. Éibhlin Byrne	John Brady	Sylvia Meehan	Frank Goodwin
Bob Carroll	An Dr Michael Loftus	An Comh. Jim Cousins	Pat O'Toole

Cruinnithe in 2003 3

Coiste Comhairleach um Aosú Sláintiúil

Cathaoirleach An Dr Michael Loftus

An Comh. Jim Cousins	Shay McGovern	An Dr John Gibbon	Mary O'Neill
An Dr Margaret Hodgins	Mary Nally	An Dr Nazih Fakher-Eldin	Martina Queally
Maria Lordon-Dunphy	Catherine Rose	Angela King	An Dr Shelagh Wright
An Dr Sheila MacEvilly	Peter Sands	Mary McDermott	Ann Leahy

Cruinnithe in 2003 6

Coiste Seasta Polasaí

Cathaoirleach An Dr Davida de la Harpe

John Grant	Sylvia Meehan	Jimmy Duggan	John Cooney

Cruinnithe in 2003 5

Coiste Comhairleach ar Leithlis Shóisialta agus Uaigneas

Cathaoirleach Frank Goodwin

An tAth Peter Finnerty	Noel Byrne	Mary Nally	Ann Harris
Hilary Scanlon	Paula Sims	Jean Manahan	Julie Healy
Mary Brennan	Grace Fraher		

Cruinnithe in 2003 1

Coiste Comhairleach ar Aosú

Cathaoirleach An Dr Ruth Loane

An Comh. Jim Cousins	An Dr Ciaran Donegan	Iarla Duffy	An Dr Michael Loftus
Ann Ryan	James Conway	Fiona Johnston	Hilary Coates
John Kincaid	Mary Nally	Brenda Hannon	William Reddy

Cruinnithe in 2003 2

RIP An Bhantiarna Valerie Goulding

Cuireadh brón ar bhaill na Comhairle in Iúil 2003 nuair a airíodh go raibh an Bhantiarna Valerie Goulding marbh. Thug an Bhantiarna Goulding seirbhís mar chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta don Aosach (1990-1992) agus mar Uachtarán (1992-1994). Chuidigh an Bhantiarna Goulding go mór le hobair na Comhairle agus chun go mbeadh eolas agus tuiscint níos fearr uirthi.

Rúnaíocht na Comhairle

Bhí na baill fhoirne seo a leanas fostaithe ag an gComhairle in 2003:

Stiurthóir	Bob Carroll
Oifigeach Taighde	Sinead Quill
Oifigeach Acmhainní agus Foilseachán	Gabrielle Jacob
Oifigeach Cumarsáide	John Heuston
Comhairleoir don Chlár um Aosú Sláintiúil	An Dr Helen McAvoy
Anailíseoir Polasaí (go dtí Iúil 2003)	Wendy Conroy
Anailíseoir Polasaí (ó Mheán Fómhair 2003)	Patricia Conboy
Oifigeach Tionscnamh um Aosú Sláintiúil (Comhshaol Shóisialta)	Dervilla Keegan
Oifigeach Tionscnamh um Aosú Sláintiúil (Comhshaol Fisiceach)	Jane England
Oifigeach Acmhainní Daonna (go dtí Feabhra 2003)	Niamh McCarthy
Bainisteoir Seirbhísí agus Imeachtaí Oifige	Michelle Rogers
Riarthóir Cuntas	Regina Ward
Rúnaí Riaracháin	Samantha Kenny
Rúnaí Riaracháin	Margaret Flynn
Fáilteoir/Rúnaí Sóisearach (sealadach)	Joanne Clarke

Oifigí na Comhairle

22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Teil (01) 676 6484
Facs (01) 676 5754
R-phost info@ncaop.ie
Gréasán www.ncaop.ie

Tadhall: Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Le linn 2003, lean an Chomhairle de thadhall dlúth a dhéanamh le réimse leathan d'áisínteachtaí atá ag obair chun leas dhaoine aosta a chur chun cinn in Éirinn. Rinneadh iarracht ar leith tadhall a dhéanamh leo seo a leanas:

- Oifig an Aire Stáit le Freagracht as Daoine Aosta;
- an Roinn Sláinte agus Leanaí;
- an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- an Grúpa Idir-rannach ar Riachtanais Daoine Aosta;
- Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir agus na Boird Sláinte;
- an tÚdarás Ionannais;
- an Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta;
- an Fóram Náisiúnta Comhairliúcháin um Straitéis Sláinte;
- Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann;
- Cumann Phríomhfheidhmeannaigh na nÁisínteachtaí Stáit;
- an Coiste Rochtana ar Iompar Poiblí;
- Ionad Faisnéise agus Forbartha Seirbhísí *Dementia*;
- Aois agus Deis (an Coiste Eolaíochta agus Teicniúla 'Go for Life');
- Comhairle;
- Gréasán Náisiúnta na hÉireann um Chur Chun Cinn Sláinte;
- an Coimisiún Athchóirithe Dlí;
- an Chomhairle Náisiúnta Sábháilteachta;
- Comhairle Náisiúnta Mhná na hÉireann;
- an tÚdarás Náisiúnta Míchumais;
- an Áisínteacht in Aghaidh Bhochtaineachta;
- Institiúid Sláinte Poiblí na hÉireann (Comhghuaillíocht Sláinte Poiblí);
- Eagraíocht Thithe Altrais na hÉireann;
- Fundúireacht Oispise na hÉireann;

- Cumann Ailse na hÉireann;
- Parlaimint na Seanóirí;
- Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann;
- Gníomhaíocht Fhuinnimh Éireann;
- Comhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann;
- áisínteachtaí ábhartha eile reachtúla, proifisiúnta nó príomháideacha a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine aosta;
- eagraíochtaí deonacha a dhéanann ionadaíocht do, a oibríonn le nó ar son daoine aosta in Éirinn.

Tadhall Idirnáisiúnta

- An Chónaidhm Idirnáisiúnta ar Aosú;
- AGE – Clár Polasaí Daoine Aosta na hEorpa;
- SiZE – Fóram Iompair na hEorpa;
- Age Concern Northern Ireland;
- Age Concern England.



Clár Oibre na Comhairle 2003

Baineann ceithre phríomhghné le Plean Straitéise 2000-2003 na Comhairle:

1. cuidiú le próiseas forbartha sheirbhísí polasaí agus caighdeáin do dhaoine aosta ag na leibhéil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil trí thaighde, comhairle agus tadhall a sholáthar de réir mar is iomchuí;

2. prionsabail, polasaithe agus cleachtais a chur chun cinn a mbeidh cuimsitheacht shóisialta do dhaoine aosta mar thoradh orthu trí thaighde agus comhairle a sholáthar de réir mar is iomchuí;

3. sláinte, leas agus uathriail daoine aosta a chur chun cinn agus Clár d'Aosú Sláintiúil a fhorbairt;

4. íomhá dhearfach agus tuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta a chur chun cinn ar fud na sochaí.

1. Cuidiú le Próiseas Forbartha Sheirbhísí Polasaí agus Caighdeáin do Dhaoine Aosta

I gceartlár obair na Comhairle tá soláthar faisnéise agus comhairle atá bunaithe ar thoradh taighde dóibh siúd a bhfuil baint acu le polasaithe agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur i ngníomh maidir le sláinte, leas agus uathriail daoine aosta. Gan eolas cruinn agus tuiscint ar na ceisteanna a bhaineann le daoine aosta, tá seans nach ndéanfar na polasaithe agus na seirbhísí is oiriúnaí dá gcuid riachtanais a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá sé mar sprioc ag an gComhairle faisnéis d'ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd a cheapann polasaithe agus do sholáthróirí seirbhísí chun eiseamláirí den chleachtas is fearr i gcúram daoine aosta a shainaithint agus a chur chun cinn. Agus tionscadail taighde á phleanáil, leagtar béim ar leith ar chomhairliúchán agus chomhrá le daoine aosta mar bhealach chun a gcuid tuairimí agus roghanna a aimsiú maidir le seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

Foilseacháin

Ról agus Forbairt Seirbhísí Lae sa Todhchaí do Dhaoine Aosta in Éirinn (Tuarascáil Uimh. 74)

Tá an ról luachmhar a imríonn seirbhísí lae aitheanta ag cáipéisí polasaí Rialtais agus Bhord Sláinte ar nós béile lár lae, folcadh nó cithfholcadh, seirbhísí teiripeacha agus sóisialta, teagmháil sóisialta a chur chun cinn agus uaigneas a chosc, faoiseamh a thabhairt do ghaolta cúraim agus spreagadh sóisialta a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte do dhaoine aosta le *dementia* éadrom.

Lena chois sin, aithníonn an Chomhairle an acmhainneacht mhór a bhaineann le seirbhísí lae mar bhealach le cur ar chumas daoine aosta fanacht ina dteach féin, rud a ligeann dóibh an rogha eile atá costasach agus nach dteastaíonn uathu go minic a sheachaint, is é sin, cúram institiúideach fadtéarmach. Maidir leis sin, is bunchuid iad ionaid lae i gcontanam de sheirbhísí cúram pobail do dhaoine aosta agus, má dhéantar dóthain maoinithe orthu, beidh an acmhainneacht iontu buntáiste mór sláinte agus sóisialta a bhaint amach.

D'fhoilsigh an Chomhairle mórshaothar i mBealtaine 2003 dar teideal *The Role and Future Development of Day Services for Older People in Ireland*. Agus é bunaithe ar shraith de mhionagallaimh le 180 freagraí ag 15 ionad ar fud na tíre, is é an chéad mhionscrúdú é ar dhearcaí sholáthróirí sheirbhísí lae, dhaoine aosta, a gcúramóirí agus altraí sláinte poiblí (ASPí). Ba thráthúil é foilsiú na tuarascála ó tharla an bhéim ar chúram baile agus ar sheirbhísí pobail do dhaoine aosta sa tSláinte Náisiúnta.

Cúlra don Staidéar

In 1987, thug tuarascáil Convery *Choices in Community Care: Day Centres for the Elderly in the Eastern Health Board* faoi deara go raibh sé ina laige sa chóras cúram pobail ar an iomlán nach raibh cuspóirí seirbhísí, ar a n-áirítear seirbhísí lae do dhaoine aosta, sách forbartha. Bliain ina dhiaidh sin in 1988, shonraigh an tuarascáil *The Years Ahead* príomhchuspóirí na n-ionad lae ach níor fhorbair sí cuspóirí seirbhísí ar an dóigh a thabharfadh treoir chinnte d'oibriúcháin agus d'fhorbairt seirbhísí.

Baineann roinnt cúiseanna leis an easpa forbartha cuspóirí seirbhísí i gcomhair seirbhísí lae do dhaoine aosta. Is ceann díobh sin gan amhras an tsiobairne stairiuil a bhaineann leis an téarmaíocht a úsáidtear le cur síos ar chineálacha seirbhísí lae (rud ba chúis le daoine aosta a bheith treoraithe chuig áiseanna a d'fhéadfadh a bheith mí-oiriúnach do na riachtanais atá acu). Is cúis eile é gan dul i gcomhairle leis na daoine aosta a bhaineann úsáid as áiseanna lae agus a gcuid cúramóirí, na daoine aosta sa phobal nach mbaineann úsáid as nó nach mian leo úsáid a bhaint as na háiseanna, agus iad siúd atá ag obair iontu nó a sheolann daoine aosta chucu.

Le forbairt na gcuspóirí seirbhísí a chur chun cinn agus le contanam d'áiseanna lae a fhorbairt tuilleadh atá oiriúnach do riachtanais éagsúla, do na cumais agus roghanna atá ag daoine aosta, choimisiúnaigh an Chomhairle tuarascáil chun:

- na príomheiseamláirí d'áiseanna lae atá ag feidhmiú a shainaithint
- dul i gcomhairle le daoine aosta, a gcuid cúramóirí agus soláthróirí seirbhísí chun na príomhchuspóirí agus na cuspóirí tánaisteacha do gach ceann de na heiseamláirí a sainaithníodh a aithbhreithniú agus a fhorbairt
- comhpháirteanna an tseachadta seirbhísí a shonrú le cabhrú le meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith agus a dhéanann na heiseamláirí éagsúla de sholáthar seirbhísí lae freastal ar na cuspóirí sin.

Mórthorthaí

Is é seo an chéad staidéar a chuaigh i gcomhairle ní hamháin le soláthróirí seirbhísí lae ach le daoine aosta freisin agus a gcuid cúramóirí teaghlaigh, chun breithniú a dhéanamh ar fhorbairt na gcuspóirí seirbhísí agus na comhpháirteanna a bhaineann le seachadadh na seirbhísí is gá chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

- Cinneann sé go dtugann seirbhísí lae buntáistí agus tacaíocht don iliomad catagóirí éagsúla daoine aosta a dhéanann freastal ar thimpeallachtaí sheirbhísí lae éagsúla. Is léir gur cabhair iad na seirbhísí a sholáthraíonn na hionaid sin le gur féidir le daoine aosta fanacht ina dtithe féin, ina n-aonar nó in éineacht lena dteaghlaigh, agus chun an rogha chostasach nach dteastaíonn uathu a bhaineann le cúram institiúideach fadtéarmach a sheachaint. Is ríthábhachtach do dhaoine aosta agus dá gcúramóirí an comhcheangal de sheirbhísí aonair a thugtar ag an leibhéal pearsanta, na seirbhísí altranais agus teiripeacha a thugtar go díreach sna hionaid nó atá ar fáil tríothu agus na cláir de ghníomhaíochtaí sóisialta agus spreagtha atá ar fáil sna háiseanna seirbhísí lae.
- Chomh maith leis na buntáistí sláinte inbhraite a sholáthraíonn seirbhísí lae, déantar cuid de líonra cúraim níos leithne de na cúramóirí agus cuirtear in aithne iad do réimse de sholáthróirí seirbhísí agus dá chéile. Baintear buntáisti móra caipitil shóisialta amach trí chomhthacaíocht, chomhoibriú agus chomhbhá.
- Cé go n-admhaítear go forleathan luach na seirbhísí lae, baineann bearnaí, easnaimh agus laigí le soláthar na seirbhísí. Go rómhinic athraíonn siad an ceart a bheith ar sheirbhís d'ardchaighdeán do dhaoine aosta a bhfuil gá acu léi ina sheirbhís a bhfuil na hacmhainní aici le seirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar dóibh siúd a bhfuil sé d'ádh orthu cónaí sa cheantar ceart nó a bhfuil rochtain ar iompar acu.
- Faoi láthair tá deacrachtaí móra ag baint le seirbhísí riachtanacha áirithe a sholáthar do dhaoine aosta a bhíonn ag freastal ar chineálacha éagsúla seirbhísí lae, go háirithe fisiteiripe. Baineann deacrachtaí freisin le soláthar foirne d'áiseanna, rud a chuireann cosc le cuid mhaith cuspóirí seirbhísí a bhaint amach, agus tá imní mhór ar an lucht oibre maidir le leanúnachas leibhéil na foirne.
- Léirigh soláthróirí seirbhísí imní go bhféadfadh ionaid cúram lae a bheith mí-oiriúnach do chatagóirí áirithe daoine aosta, ar nós iad siúd le *dementia*, daoine aosta 'níos óige' le míchumais fhisiceacha agus na daoine aosta úd nach bhfuil gá a thuilleadh acu le tacaíocht trí ghníomhaíochtú agus chothabháil ach atá tar éis éirí spleách ar na tacaí sóisialta a chuirtear ar fáil.

- Lochtaigh na soláthróirí seirbhísí agus na hASPí na heasnaimh sna seirbhísí a sholáthraítear do chúramóirí teaghlaigh, go mór mhór sna cásanna ina gcuireann an cúram ualach rómhór, trí *dementia* nó trí mhórspleáchas.

Moltaí na Tuarascála

- Molann an Chomhairle go bhfuil gá ag ilchineálacht an phobail aosta le soláthar de chontanam de sheirbhísí lae a dhéanfadh freastal ar réimse iomlán na leibhéal spleáchais. Mar sin féin, tugann sí faoi deara gur bhain maoiniú agus treoir uireasach leis an soláthar seirbhísí lae do dhaoine aosta i gcoitinne. Chun go ndéanfaí seirbhísí lae do dhaoine aosta a fhorbairt go straitéiseach, molann an Chomhairle go ndéanfaí iad a ainmniú mar bhunseirbhísí a mbeidh dóthain maoinithe tiomnaithe acu agus tacaíocht acu ó reachtaíocht oiriúnach, ionas gur féidir le daoine aosta seirbhísí a rochtain mar cheart nó mar theidlíocht sa ghnáthchúrsa.
- Chuirfeadh an téarmaíocht a úsáidtear le cur síos ar na háiseanna difriúla duine amú: d'fhéadfadh téarma amháin a bheith in úsáid le cur síos a dhéanamh ar dhá áis an-difriúil agus, ar an gcaoi chéanna, tugtar téarmaí difriúla go minic ar áiseanna a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla. Chun go ndéanfaí seirbhísí lae do dhaoine aosta a fhorbairt go straitéiseach, agus a bheith ainmnithe mar chroísheirbhísí, agus le go gcuirfí contanam de sheirbhísí lae ar bun, creideann an Chomhairle gur gá na seirbhísí lae atá ann cheana a shonrú go soiléir.
- Molann an Chomhairle go réiteodh an Roinn Sláinte agus Leanaí treoirlínte le haghaidh oibriúchán agus bainistíocht seirbhísí lae. D'éascódh sé seo go mór an próiseas faoina n-ainmneofaí seirbhísí lae mar chroísheirbhísí.
- Molann an Chomhairle go nglacfadh na boird sláinte agus an leibhéal náisiúnta leis an téarmaíocht a forbraíodh sa tuarascáil ar na cineálacha éagsúla áiseanna, atá ag teacht leis na sainmhínithe a úsáideann an Grúpa Oibre Náisiúnta ar Thráscairí Feidhmithe.
- Ba chóir ionaid a fhorbairt ar bhonn an rangaithe sa tuarascáil chun a chinntiú go gcuirfear an réimse iomlán de sheirbhísí lae ar fáil laistigh de gach réigiún/bord sláinte ionas go ndéanfar freastal ar riachtanais gach duine aosta, ón dream atá neamhspleách ar fad go dtí an dream a bhfuil ardleibhéil spleáchais acu.
- Níl sainmhíniú soiléir ar bith ann ar cad is ionad seirbhísí lae ann. Baineann impleachtaí géibheannacha le sainmhíniú an téarma d'fhorbairt na seirbhísí lae sa todhchaí, chomh maith leis an bpleanáil seirbhísí agus leithdháileadh na n-acmhainní a bheidh de dhíth chun na cuspóirí seirbhísí a bhaint amach.
- Ba chóir do na boird sláinte an t-éileamh atá ar na cineálacha éagsúla seirbhísi lae a mheas ina réigiúin féin faoi seach agus a gcuid figiúirí a bheith bunaithe ar anailís chruinn ar an riachtanas a thugann aird ar leith ar cheisteanna a bhaineann le dáileadh spásúil agus ar na seirbhísí comhlántacha a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Faoi láthair níl aon treoir ann maidir leo siúd ar chóir dóibh a bheith freagrach as forbairt seirbhísí lae do na daoine aosta sa phobal. Tá sé molta go mbeadh dualgas dlíthiúil ar na boird sláinte seirbhísí lae a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus go mba chóir dóibh tacú le heagraíochtaí deonacha i soláthar agus i mbainistiú seirbhísí mar sin, más é sin mian na n-eagraíochtaí sin.
- Ba chóir nósanna imeachta caighdeánaithe a bhunú d'iarratais ar dheontais ó eagraíochtaí deonacha atá ag lorg seirbhísí lae a chur ar bun agus critéir a bheith sonraithe go soiléir le haghaidh incháilitheachta deontais.
- Ba chóir go rialódh socruithe na leibhéil seirbhísí socruithe maoinithe idir na boird sláinte agus na soláthróirí seirbhísí.
- Ba chóir go mbeadh na leibhéil maoinithe do na soláthróirí seirbhísi sách maith chun na costais a bhaineann le hoibriú na háise a chlúdach.
- Ag brath ar an gcineál seirbhíse lae atá i gceist, tá líon sonrach d'fhoireann oilte ag teastáil le cinntiú go bhfuil cuspóirí seirbhísí an ionaid á mbaint amach. Mar sin féin, léiríonn an taighde na deacrachtaí a bhaineann le soláthar foirne ag gach leibhéal. Go háirithe, sainaithnítear mar easnamh géibheannach é easpa infhaighteachta fhisiteiripeach agus choslianna cáilithe. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle go méadófaí ar na cóimheasa foirne sna háiseanna seirbhísí lae ionas go mbainfí na cuspóirí seirbhísí atá luaite amach. Molann sí freisin go ndéanfaí tuilleadh taighde le noirm agus caighdeáin leibhéil soláthair fhoirne a bhunú.

- Léiríonn an staidéar chomh maith go bhfuil gá géibheannach le hoiliúint na foirne ar gach leibhéal chun seachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán a chinntiú. Molann sé go dtabharfaí deis d'fhoirne na seirbhísí lae leanúint dá bhforbairt phearsanta agus phroifisiúnta, agus go bhfaigheadh deonaigh oiliúint agus tacaíocht a bheadh maoinithe ag na boird sláinte.
- Daingníonn an tuarascáil cinní taighde na Comhairle roimhe sin go mbaineann ríthábhacht le hiompar chun rochtain ar sheirbhísí lae a éascú. Léiríonn an taighde go bhfuil gá le hiompar ar leis na hionaid é nó atá faoina smacht le cur ar chumas daoine aosta na seirbhísí a bhfuil gá acu leo a rochtain agus molann an Chomhairle go ndéanfaí maoiniú tiomnaithe a chionroinnt chuige sin.
- D'aibhsigh comhairliúcháin a rinneadh le daoine aosta le linn an staidéir an tábhacht a bhaineann le rogha de ghníomhaíochtaí a chur ar fáil in ionaid lae. Léiríonn an staidéar go bhfuil an claonadh i ndaoine aosta glacadh leis na toimhdí aosachais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí níos suite a chuireann cuid de na hionaid ar fáil.
- Molann an Chomhairle, dá bhrí sin, go gcuirfí rogha ar fáil atá réadach agus ciallmhar do dhaoine aosta, go háirithe cláir shamhlaíocha de ghníomhaíochtaí a spreagann bainteacht agus a ghríosaíonn chun bheith páirteach iad siúd a mheasfadh ina héagmais b'fhéidir nár bhain gníomhaíochtaí ionaid lae leo.
- Chuir na cúramóirí a ghlac páirt sa staidéar ardleibhéal sástachta in iúl leis na seirbhísí a bhí á dtairiscint dá ngeanmhuintir sna háiseanna éagsúla. Mar sin féin, mheas na soláthróirí seirbhísí, go mór mhór sna hionaid atá níos dírithe ar chúram, nár fheil na huaireanta oscailte do na cúramóirí ar mhian leo nó ar ghá dóibh oibriú lasmuigh den teach. Molann an Chomhairle go ndéanfaí dóthain maoinithe ar sheirbhísí lae lena chur ar a gcumas a bheith ar oscailt sách fada gach lá le freastal ar na cúramóirí is mó a bhfuil gá acu le seirbhísí. Ba chóir lena chois sin go gcuirfí breis maoinithe ar fáil do sheirbhísí faoisimh chun an t-ualach atá ar chúramóirí a mhaolú, ar a n-áirítear feidhlíocht baile, seirbhísí faoisimh deireadh seachtaine agus ó am go ham.

Imeachtaí

Comhdháil Náisiúnta ar *Ról agus ar Fhorbairt Sheirbhísí Lae sa Todhchaí do Dhaoine Aosta in Éirinn*

Le suntas a thabhairt do sheoladh *The Role and Future Development of Day Services for Older People in Ireland*, d'eagraigh an Chomhairle comhdháil náisiúnta ag an Tullamore Court Hotel, an Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, ar an 27 Bealtaine 2003. Bhí breis agus 280 duine i láthair ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus príomháideacha.

Agus é ag labhairt leis an gcomhdháil, d'aibhsigh Ivor Callely TD, Aire Seirbhísí do Dhaoine Aosta, gur gné ríthábhachtach de pholasaí reatha an Rialtais é cuidiú le daoine aosta le go mairfidh siad le dínit agus go neamhspleách chomh fada agus is féidir. Dúirt sé freisin gur feidhm thábhachtach é a bhaineann le hionaid lae na deiseanna a thugann siad do dhaoine aosta casadh ar a leithéidí féin, chomh maith lena gcuid áiseanna praiticiúla ar a n-áirítear béilí, folcthaí agus cithfholcthaí, cúnamh míochaine agus seirbhísí eile sláinte agus áineasa.

An Chéad Seisiún

Rianaigh Alastair Graham creat d'fhorbairt seirbhísí lae bunaithe ar dhá choincheap thábhachtacha: dínit agus difríocht. Dúirt sé go bhfuil sé riachtanach seirbhísí lae a bhunú a bhaineann le feabhsú stíl bheatha: seirbhísí atá indibhidithe go mór, atá dírithe ar ghá, nach náiríonn, atá in ann leas a bhaint as acmhainní agus leasa pobail, agus atá spreagtha ag roghanna agus leasa an duine aosta. Dúirt Alastair gur ceart do shainmheon sheirbhísí lae a bheith bunaithe ar shamhail shóisialach cúraim in ionad samhail mhíochaine. Mhol sé do gach duine atá bainteach le soláthar sheirbhísí lae 'samhlú níos fearr'.

Rianaigh Pat O'Dowd cinní an aithbhreithnithe a rinne Bord Sláinte Lárthíre (BSLT) 2002 ar a chuid seirbhísí cúram lae. Chinn an t-aithbhreithniú go gciallaíonn 'cúram lae' rudaí difriúla ar ócáidí difriúla agus go raibh gá go sonnrófaí Pacáiste Riachtanach Seirbhísí Cúram Lae (PRSCL), ceann a bheadh ar fáil i ngach áit. Tá mar sprioc ag BSLT sa todhchaí seirbhísí cúram lae a bheith ann atá pearsalárnach, dírithe ar an toradh agus a bhaineann leibhéal chaighdeáin an Bhoird amach, atá comhtháite i gcontanam de chúram a thugann aghaidh ar riachtanais gach duine aosta.

D'inis Kathleen Dunleavy conas a tharla sé gur bunaíodh Ionad Cúram Lae Cill na Seanrátha i gCo. an Chabháin. Rianaigh sí na seirbhísí a thugann an tIonad agus na buntáistí agus na rudaí atá bainte amach dóibh siúd a úsáideann é. Thacaigh sí leis na moltaí atá leagtha amach i dTuarascáil NSAOP ar a n-áirítear an gá atá leis an éileamh ar sheirbhísí lae a mheas; an tábhacht a bhaineann le seirbhísí a mheas a chuimsíonn comhairliúchán le daoine aosta; an ról ríthábhachtach a imríonn iompar i mbuanú seirbhísí lae; agus an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht idir deonaigh, daoine aosta agus boird sláinte chun seirbhísí éifeachtacha a sheachadadh.

Chuir Sinéad Quill ráitis agus moltaí NCAOP a eascraíonn ón taighde in iúl. Rianaigh sí na réamhriachtanais d'fhorbairt straitéiseach sheirbhísí cúram lae:

- treoirlínte a fhorbairt d'oibriúchán agus do bhainistíocht sheirbhísí lae.
- glacadh le téarmaíocht chaighdeánaithe agus chomhsheasmhach le cur síos ar na cineálacha difriúla áiseanna seirbhísí lae
- an gá atá le forbairt a dhéanamh ar na hionaid lae bunaithe ar an Rangú Aithbhreithnithe atá leagtha amach sa Tuarascáil
- cineálacha agus líon na seirbhísí atá ann faoi láthair a shainaithint
- soiléiriú ar cad is ciall le 'ionad seirbhísí lae'
- líon na n-ionad a mholtar in aghaidh an duine sa phobal a scagadh
- treoir shoiléir maidir le freagracht as forbairt sheirbhísí lae do dhaoine aosta.

Leag Sinéad amach na príomh-chomhpháirteanna atá ag teastáil chun na cuspóirí seirbhísí a bhaint amach. San áireamh iontu sin tá maoiniú, soláthar foirne, iompar, tabhairt faoi riachtanais chúramóirí, glacadh le samhail shóisialta cúraim agus úsáid a bhaint as bealach na comhpháirtíochta chun contanam de sheirbhísí cúram pobail a fhorbairt. Luaigh sí freisin an gá atá le seirbhísí a fhorbairt dóibh siúd a mhaireann sa phobal nach mian leo úsáid a bhaint as seirbhísí lae.

Seisiún Chomhthreomhara

I gCeardlann a hAon, 'Addressing the Needs of Older Men', rianaigh Patsy Smith na seirbhísí a thugann an Older Men's Organisation Ireland (OMO) agus conas a d'airigh sé féin gur imir bheith ina bhall de OMO tionchar dearfach ar a shaol. Rinne Mike O'Shea cur síos ar thionscadal taighde gníomhaíochta a raibh baint aige leis a rinne scrúdú ar riachtanais fhear aosta i Leithinis an Daingin, ceantar ina bhfuil ráta ard féinmharaithe san aoisghrúpa seo. Mar thoradh ar an taighde, cuireadh grúpa fear ar bun. Rianaigh Mike na seirbhísí a thairgeann an grúpa, ar a n-áirítear seirbhís shoghluaiste faisnéise agus clár oideachais. D'inis sé faoin tionchar dearfach a imríonn seirbhísí an ghrúpa ar shaol na bhfear aosta sa cheantar. Cé gur admhaigh sé an gá atá le hionchur agus maoiniú Rialtais, leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le pobal a bheith i mbun aire a thabhairt dóibh féin. D'aibhsigh an plé a lean na curtha i láthair, le Donal O'Sullivan mar chathaoirleach, an tábhacht a bhaineann le réimse ceisteanna a gcaithfidh fir aosta i gcoitinne aghaidh a thabhairt orthu, agus iad siúd atá ina gcónaí ina n-aonar i gceantar tuaithe ach go háirithe. Ba iad na ceisteanna is práinní ná na rátaí arda féinmharaithe agus dúlagair, chomh maith leis an neamhshuim i gcoitinne a dhéanann fir ina sláinte agus ina sláine. Ar na ceisteanna eile bhí litearthacht, cruatan eacnamaíoch agus caighdeán agus infhaighteacht na tithíochta oiriúnaí.

I gCeardlann a Dó, 'Promoting Health in Day Centres', d'inis an Dr Helen McAvoy cinní staidéir ar chaighdeán beatha dhaoine aosta a bhí ag freastal ar ionad lae sa Chlochán, Co. na Gaillimhe. Chuir cinní an staidéir in iúl gur chuir go leor díobh siúd a bhí ag freastal síos ar chaighdeán maith beatha. Dúirt an Dr McAvoy go bhféadfadh soláthróirí seirbhísí feabhas a chur ar chaighdeán beatha a gcuid cliant trí dhíriú ar shoghluaisteacht agus coinneálacht, agus trí aghaidh a thabhairt ar mheabhairghalar agus neamhoird chardashoitheach. Rinne Mary Harkin cur síos ar an gclár Go for Life a bhfuil mar aidhm aige 'stáid dhearfach de shláine fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta' a chur chun cinn trína chuid Scéimeanna

Maireachtáil go Gníomhach, Rannpháirtíocht i Spóirt agus Deontais. D'aibhsigh an plé a lean ina dhiaidh sin, leis an Dr Finbarr Corkery mar chathaoirleach, an tábhacht a bhaineann le cur leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí aosaithe sláintiúil agus an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar bhealaí chun sláinte mheabhrach a bhrath agus a bhainistiú.

I gCeardlann a Trí, rinne Hilary Scanlan iniúchadh ar na ceisteanna 'macra' nó ardleibhéil a bhaineann le seirbhísí riachtanacha lae a chur ar fáil. Ba é a tuairim go bhfuil géarghá le teidlíocht reachtach ar sheirbhísí pobail a bhunú, chomh maith leis an ngá le aghaidh a thabhairt ar an aosachas fo-chomhfhiosach atá sna seirbhísí sláinte. Leag sí béim ar an ngá atá le dóthain acmhainní chun contanam de chúram pobail a mhaoiniú, chomh maith leis an ngá le taighde mar bhuntaca le héilimh ar leithdháileadh acmhainní. Leag sí béim freisin ar an ngá atá le hiompar: mura bhfuil aon bhus ann, ní bheidh aon seirbhís lae ann. Scrúdaigh Sheila Kirwan na dúshláin a bhíonn i gceist ó lá go lá i soláthar seirbhísí riachtanacha lae. Chuir sí síos ar Shráidbhaile Pobail agus Ionad Lae Charn an Bhua agus ar na seirbhísí a chuireann an tIonad ar fáil. Rianaigh sí na príomhthosca a bhaineann le hionad lae a reachtáil agus d'aibhsigh sí cuid de na deacrachtaí atá le sárú ag Carn an Bhua, ar a n-áirítear easpa iompair agus fadhbanna soláthar foirne de bharr na gciorruithe sa Scéim Fostaíochta Pobail (CE) agus sa scéim fostaíochta samhraidh do neacha léinn tríú leibhéil. Dhírigh an plé a lean ina dhiaidh sin, agus Mary McDermott ina cathaoirleach, aird níos mó ar an ngá atá le tiomántas bhainistíocht shinsir na mbord sláinte i mbunú seirbhísí lae, chomh maith leis an ngá atá le dóthain maoinithe le haghaidh fhorbairt seirbhísí, ar a n-áirítear soláthar foirne agus iompar.

I gCeardlann a Ceathair, rianaigh John Grant na céimeanna a bhaineann le sainionad lae *dementia* a chur ar bun. Dhírigh sé aird ar an ngá atá le taighde cúlra, le mionchostasú, agus le foirgnimh oiriúnacha agus iompar, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann leis an bhfoireann cheart agus an leibhéal ceart foirne a bheith ann. Leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le dea-chaidreamh a bhunú idir an fhoireann, na daoine aosta agus a gcúramóirí. Bhí an méid a dúirt Veronica McNamara ag teacht le teachtaireacht John Grant agus í ag leagan béime go mba chóir don sainionad idéalach *dementia* lae timpeallacht baile a bheith aige, polasaí iompair, é a bheith i bhfoirgneamh oiriúnach agus é á reachtáil ag foireann oilte. Dúirt sí go raibh gá le feasacht mhéadaithe i dtaca le *dementia* sa ghnáthphobal agus ag proifisiúnaithe sláinte agus sóisialta chomh maith. Leag sí béim ar an ngá atá le dóthain maoinithe do sheirbhísí faoisimh, agus le meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar atá ann faoi láthair. Thacaigh an plé a lean ina dhiaidh sin, agus an Dr Suzanne Cahill ina cathaoirleach, leis an tábhacht a bhaineann le aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a bhaineann le cúram iomchuí i dtimpeallacht iomchuí le leibhéil chóra foirne. Chuimsigh an plé an cheist a bhaineann le heaspa infhaighteachta comhairliúcháin do chúramóirí agus an gá atá le seirbhís éifeachtach comhairliúcháin a bhunú.

I gCeardlann a Cúig, labhair Mary Nally agus Seamus Walsh ina gcurtha i láthair faoin ngluaiseacht Scor Gníomhach. Tá mar aidhm aige caighdeán na beatha a fheabhsú, feabhas a chur ar shláinte agus buntáiste sóisialta a thairiscint do dhaoine aosta. Rinne siad araon cur síos ar na dúshláin a bhaineann le reachtáil Chumann Gníomhach Scoir (CGS): easpa iompair phoiblí, go háirithe i gceantair tuaithe; easpa ionad oiriúnach; costas ionaid a fháil ar chíos; agus an drogall atá ar dheonaigh postanna cinnireachta nó freagrachta a ghlacadh. Thug Seamus moltaí maidir le conas tabhairt faoi na ceisteanna sin chomh maith le daoine eile a bhí rannpháirteach sa phlé oscailte, faoi Noel Byrne mar chathaoirleach, a lean na curtha i láthair. Mhol Seamus clár oiliúna chun deonaigh a spreagadh le róil chinnireachta a ghlacadh, a bheadh á eagrú ag Oifigigh Forbartha Scoir Ghníomhaigh.

Seisiún Deiridh

Sa seisiún deiridh, chuir an Dr Kate Davidson cinní an staidéir taighde i láthair a rinne sí sa RA in éineacht lena comhghleacaithe sa Centre for Research on Ageing and Gender ag Ollscoil Surrey. Chinn an taighde go bhfuil an tuiscint ag fir aosta nach bhfuil i ngníomhaíochtaí na n-ionad lae ach 'an cineál rudaí a thaitníonn le "seanmhná" a dhéanamh', m.sh. suí thart, ag cadráil nó ag imirt Bingo. Rinne rannpháirtí taighde amháin cur síos ar na hionaid lae mar 'rud bándearg seachas rud gorm'. Dar lena lán ba 'dhídean deiridh' é freastal ar ionad mar sin a thabharfadh le tuiscint go raibh 'do lámh curtha i bpaca' agat. Bhreathnaigh siad siúd a rinne freastal orthu féin mar dheonaigh ghníomhacha in ionad mar chliaint éighníomhacha. Fuair an Dr Davidson amach gur athraigh ionad amháin, a mheall fir go ráthúil, a ainm ó 'Ionad Lae' go 'Ionad do Dhaoine ar Scor'. Ag an ionad seo, ní chaitheann an fhoireann éide, cuimsíonn na háiseanna bord snúcair agus Cumann Ríomhaire, agus tá ceadúnas ag an Ionad le fíon agus beoir a dhíol. Dúirt fir a bhí

ag freastal ar an ionad go raibh sé 'díreach cosúil le gnáthchumann sóisialta'. Cheap an Dr Davidson agus a comhghleacaithe go raibh gá le hathruithe polasaí chun na hionaid lae a dhéanamh níos mealltaí d'fhir aosta. Ach iad 'a bheith istigh', léirigh an taighde go nglacfaidh na fir páirt sna gníomhaíochtaí chun sláinte a chur chun cinn ar nós damhsa agus bollaí laistigh. Níos tábhachtaí fós, a léirigh an Dr Davidson, feiceann siad go bhfuil siad i dtimpeallacht a chuireann feabhas ar chaighdeán a mbeatha; tagann méadú ar a mbainteacht agus laghdú ar a leithlis shóisialta.

Mar fhreagra, thug an Dr Maura O'Shea cuireadh do na rannpháirtithe machnamh ar na cinní sin i dtaca le forbairt ar sheirbhísí lae in Éirinn. D'aibhsigh sí roinnt príomhfhíricí maidir le fir aosta in Éirinn: is ísle a n-ionchas saoil ná ceann na mban; is mó é a mbaol féinmharaithe; léiríonn siad drogall níos mó cuairt a thabhairt ar sheirbhísí sláinte nó glacadh le comhairle sláinte; is soghonta iad i leithlis shóisialta ná mná. Tá sé riachtanach, a dúirt sí, aird a thabhairt air seo go léir agus smaoineamh a dhéanamh ar ról agus fhorbairt na seirbhísí lae sa todhchaí do dhaoine aosta in Éirinn. Tá sé riachtanach go dtuigfí cad is féidir a dhéanamh chun fir aosta a spreagadh, agus go háirithe fir aosta aonair, chun seirbhísí lae a úsáid. Mar a léirigh taighde an Dr Davidson, caithfidh na seirbhísí gníomhaíochtaí a thairiscint atá bunaithe go sóisialta, atá samhlaíoch, rannpháirtíoch agus sofhreagrach do riachtanais na bhfear.

Comhdháil Náisiúnta ar *Chaighdeáin Chaighdeán i gCúram Dementia*

I gcomhthéacs an tsainordaithe atá tugtha di bealaí a scrúdú ina bhféadfaí feabhas a chur ar na seirbhísí do dhaoine aosta le *dementia* agus a gcúramóirí, thug an Chomhairle agus Cumann Alzheimer na hÉireann tacaíocht do Sheirbhísí Faisnéise agus Ionad Forbartha Alzheimer chun comhdháil náisiúnta ar chaighdeáin chaighdeáin i gcúrsaí *dementia* a eagrú sa Gresham Royal Marine Hotel, Dún Laoghaire ar an 5 mí na Nollag 2003. Bhí 120 rannpháirtí i láthair, ar a n-áirítear soláthróirí seirbhísí, lucht ceapadh polasaí, taighdeoirí agus riarthóirí ó gach aird den tír. D'oscail Ivor Callely TD, Aire Seirbhísí do Dhaoine Aosta an chomhdháil.

Léadh páipéir le roinnt saineolaithe i réimse cúram *dementia* ar a n-áirítear an tOllamh Brian Lawlor, Ollamh Connolly Norman le Siatracht Seanaoise ag TCD agus Sainchomhairleoir le Síciatracht don Aosach ag Ospidéil Naomh Pádraig agus Naomh Séamas; an Dr Eamon O'Shea, Roinn na hEacnamaíochta, ONÉ Gaillimh; an Dr Wilhelmina Hoffman MD, Lia agus Speisialtóir i Míochaine Seanliachta, Fundúireacht Sjukhem, Stockholm, an tSualainn agus an tOllamh Murna Downs, Ollamh le Staidéir *Dementia* ag Ollscoil Bradford.

Chuimsigh an chomhdháil trí cheardlann freisin ar ghnéithe éagsúla de chúram *dementia*. Cuireadh críoch léi le haischothú óna ceardlanna agus le ple faoi na treonna sa todhchaí i dtaca le cúram *dementia* in Éirinn.

Aighneachtaí

Mar chomhlacht a chuireann riachtanais agus cúraimí dhaoine aosta na hÉireann in iúl, iarrtar ar an gComhairle freagra a thabhairt ó am go ham ar pháipéir agus ar thuarascálacha ó áisínteachtaí eile. Lena chois sin, baineann cuid thábhachtach straitéiseach d'obair na Comhairle le moltaí a cheapadh atá bunaithe ar thaighde na Comhairle maidir le ceisteanna atá ábhartha do dhaoine aosta. I dtaca leis sin, cuirtear aighneacht réamhbhuiséid os comhair an Aire Airgeadais agus cuirtear aighneachtaí os comhair Airí agus Ranna eile de réir mar is gá. Le linn 2003, ceapadh roinnt aighneachtaí maidir le forbairt na seirbhísí sláinte. Orthu sin bhí:

- ráitis don Choimisiún Cearta Daonna faoin tuarascáil *Older People in Long Stay Care*;
- aighneacht do Chomhchoiste an Oireachtais ar Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar aithbhreithniú stáid na gcúramóirí lánaimseartha;
- ráitis don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an tuarascáil *The Future Financing of Long-term Care in Ireland*;
- páipéar faisnéise don Choimisiún Athchóirithe Dlí ar struchtúir le haghaidh chosaint daoine aosta ar chineálacha éagsúla drochíde;
- ráiteas don Choimisiún Athchóirithe Dlí ar an bpáipéar comhairliúcháin *Law and the Elderly*.

Aighneacht Réamh-Bhuiséid don Aire Airgeadais

Shainaithin aighneacht réamh-bhuiséid na Comhairle don Aire Airgeadais roinnt príomhthosaíochtaí maidir le cúram fadtéarmach do dhaoine aosta in Éirinn. Agus réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha a léiríonn méadú mór ar an daonra aosta sna blianta atá ag teacht á gcur in iúl aici, d'aibhsigh an aighneacht nach bhfuil dóthain acmhainní sa chóras atá ann faoi láthair le freastal ar riachtanais chúram fhadtéarmaigh do dhaoine aosta, ní anois ná sa todhchaí. Dá bhrí sin, mhol an Chomhairle go gcuirfí méadú suntasach dáiríre in acmhainní airgeadacha ar fáil do na seirbhísí le haghaidh daoine aosta i mbuiséad 2004 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Leag an aighneacht béim chomh maith ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfaigheann daoine aosta an cúram atá oiriúnach dá gcuid riachtanas agus roghanna. D'aibhsigh sí an gá atá le próiseas meastóireachta cuimsitheach agus iomlán a ghlacadh a chuimseodh roinnt réimsí: míochaine, sóisialta, síceolaíoch agus airgeadach. Chinnteodh sé sin go bhfaigheadh siad siúd a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach na seirbhísí is oiriúnaí dá gcuid riachtanas, sa phobal nó i gcúram fadchónaitheach.

Chuir an Chomhairle treise freisin ar an ngá atá le hacmhainní a leithdháileadh chun faisnéis a bhailiú maidir leis na próisis meastóireachta atá in Éirinn faoi láthair, tuilleadh taighde ar phróisis meastóireachta a mhaoiniú agus bealach comhordaithe a fhorbairt don mheastóireacht idirdhisciplíneach do dhaoine aosta a bheidh comhsheasmhach, oscailte agus trédhearcach.

Agus í ag cur in iúl go bhfuil 'claonadh institiúideach' maidir le cúram daoine aosta i sochaí na hÉireann, dúirt an aighneacht nach raibh aon mhaoiniú reatha ann do chúram baile fadtéarmach le haghaidh daoine aosta. Mar sin, chuir an Chomhairle in iúl go mb'fhearr léi scéim chomhtháite fhóirdheontais a thabhairt isteach le freastal ar riachtanais chúraim fhadtéarmaigh laistigh de chontanam cúraim do dhaoine aosta.

Chuir sí fáilte roimh an aird a thug tuarascálacha Mercer agus O'Shea ar an ngá atá leis an gcothromaíocht atá ann a athbhunú i dtéarmaí tacaíocht airgid a sholáthar do chúram baile. Thacaigh sí le conclúid O'Shea gur cóir an Scéim Fhóirdheontais do Thithe Altranais a leasú chun córas fóirdheontais pobalbhunaithe a bheith mar chuid di. Thug sí tacaíocht freisin don moladh i dtuarascáil O'Shea gur cóir na socruithe comhroghnacha le costais a roinnt le haghaidh chúraim fhadtréimhsigh a scrúdú a thuilleadh.

De bhreis, thacaigh an Chomhairle leis an gconclúid i dtuarascáil Mercer go soláthraíonn córas árachais shóisialaigh an bealach is iomchuí chun cúram fadtéarmach do dhaoine aosta a mhaoiniú. Agus í ag admháil an gá atá le tacaíocht an phobail chun forbairt an chórais seo a spreagadh, d'aibhsigh an aighneacht an gá atá le plé níos leithne sa phobal a bheidh dírithe ar thuiscint níos fearr ar na ceisteanna a chur chun cinn, agus meas ar na riachtanais agus na cúraimí a bhaineann le gach aoisghrúpa i sochaí na hÉireann. D'aibhsigh sí freisin go dtaitneodh an daingneacht a thabharfadh soláthar fóirdheontais chomhtháite do gach aoisghrúpa. Chuir an Chomhairle in iúl freisin go neartódh infhaighteacht croísheirbhísí oiriúnacha pobail a uasmhéadódh na buntáistí a bhaineann le scéim chomhtháite fóirdheontais do dhaoine aonair tacaíocht an phobail agus a muinín i gcóras nua.

Agus í ag athrá a tuairime go bhfuil teidlíocht ag gach duine aosta ar chroísheirbhísí pobail, ar a n-áirítear cúnamh baile nó cúram baile, seirbhísí teiripeacha, cúram lae, seirbhísí béilí agus cúram faoisimh, rinne an Chomhairle roinnt moltaí i dtaca le raon d'idirghabhálacha agus tionscnamh sonrach a d'éascódh soláthar de chontanam cúraim do dhaoine aosta. Cuimsíonn siad sin tacaíocht do chúramóirí dhaoine aosta, tithíocht, agus bainistíocht cúraim agus cáis a thabhairt isteach.

Ar deireadh, agus í ag tagairt don éagsúlacht mhór infhaighteachta leapacha fadchónaitheacha atá maoinithe go poiblí ar fud na tíre, thug an aighneacht faoi deara go gciallaíonn an ganntanas leapacha poiblí i gceantair áirithe nach bhfuil de rogha ag duine aosta ach glacadh le cúram fóirdheonta in áiseanna príomháideacha agus cónaitheacha. Ag glacadh leis na costais airgid leanúnacha do dhaoine aosta i gcúram príomháideach fóirdheonta agus an soláthar difréalach áiseanna i suímh chónaitheacha phríomháideacha agus phoiblí, ní thugtar an bhail chéanna ar dhaoine aosta laistigh den earnáil fhadchónaitheach. Is é dearcadh na Comhairle go mba chóir go mbeadh fíor-rogha ag daoine aosta atá ag dul isteach i gcúram fádchónaitheach agus teidlíocht ar chúram fadchónaitheach poiblí agus go mba chóir soiléiriú i dtaca leis an staid faoi láthair a chur ar fáil ag teacht leis an ngealltanas atá sa Straitéis Náisiúnta Sláinte.

Ráitis na Comhairle maidir le Tuarascáil an Choimisiún um Chearta Daonna *Daoine Aosta i gCúram Fadchónaitheach*

Sna ráitis a rinne sí i dtaobh Thuarascáil an Choimisiún um Chearta Daonna *Daoine Aosta agus Cúram Fadchónaitheach*, dúirt an Chomhairle gur bhain an cheist is tábhachtaí a aibhsíodh sa tuarascáil leis an easnamh reachtach i dtaca le teidlíocht ar chúram agus le caighdeán an chúraim chomh maith a sholáthraítear in áiseanna do chúram fadchónaitheach. Baineann ceist thromchúiseach, i dtuairim na Comhairle, leis an bhfíric nach gcuirtear na boird sláinte mar sholáthróirí cúraim fhadchónaithigh faoi aon mheastóireacht sheachtrach d'ainneoin an fhreagracht a bheith orthu siúd cigireacht a dhéanamh ar thithe altranais príomháideacha. Dá bhrí sin, d'athluaigh an Chomhairle a tuairim go mba chóir béim níos láidre a chur ar mheastóireacht oibiachtúil na n-áiseanna sin ag comhlacht náisiúnta i dtuarascáil an Choimisiún um Chearta Daonna.

Agus í ag admháil go dtreisíonn an tuarascáil na moltaí a rinneadh in *A Framework for Quality in Long-Term Residential Care for Older People in Ireland* de chuid na Comhairle, léirigh an Chomhairle ionadh nár chuir an t-údar an fhreagracht as seachadadh na seirbhísí d'ardchaighdeán ar Chigireacht Sheirbhísí Sóisialta na hÉireann.

Agus í ag aibhisiú go mba chóir an t-úsáidire a chur i gcroílár na pleanála, an tseachadta agus na meastóireachta, agus chuige sin go mba ghá comhairliúchán le daoine aosta, a dteaghlaigh agus a gcúramóirí, dúirt an Chomhairle nach raibh aon eiseamláir ann ar conas a d'fhéadfadh áiseanna do chúram fadchónaitheach tuairimí na gcónaitheoirí a bheith mar chuid de ráthaíocht caighdeáin agus d'fhorbairt seirbhísí. Ba chóir, i dtuairim na Comhairle, tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt próisis chomhairliúcháin den chineál sin agus do sheirbhísí abhcóideachta i gcúram fadtréimhseach a scrúdú mar chuid den cheist seo. Mhol sí gur eiseamláir amháin den chineál sin é Seirbhís Abhcóideachta na hÉireann do dhaoine i gcúram síciatrach agus go bhféadfaí é a fhorbairt do dhaoine aosta atá i gcúram fadchónaitheach. Moladh freisin go mba chóir go mbeadh duine aosta mar ionadaí ag gach áis mar sin.

Luaigh an Chomhairle díomá nach raibh aon tagairt don aosachas i dtuarascáil an Choimisiún um Chearta Daonna. D'aibhsigh sí go mba bhuntáiste don doiciméad é plé den chineál sin, ag glacadh leis go mbaineann impleachtaí bunúsacha le haosachas do mhéid, agus níos tábhachtaí, do chaighdeán na seirbhísí a fhaightear san earnáil fhadchónaitheach.

Ar deireadh, mhol an Chomhairle go mba chóir tosaíocht sa ghearrthréimhse a thabhairt do réimsí féideartha arbh fhiú a imscrúdú le bonn a chur faoi chlár taighde sa todhchaí. Rinne sí roinnt moltaí le haghaidh taighde sa todhchaí ar a n-áirítear staidéir ar chaighdeán beatha, meastóireacht riachtanas, iniúchadh ar na cúiseanna a dtéitear isteach i gcúram fadchónaitheach, imscrúdú ar acmhainneacht chónaitheoirí chun dul i gcion ar pholasaithe an tsuímh chúraim fhadchónaithigh, na costais agus na buntáistí coibhneasta a bhaineann le cúram fadchónaitheach phoiblí agus phríomháidigh agus cúram pobail, agus staidéar ar thuarascálacha cigireachta ar thithe altranais príomháideacha.

Aighneacht don Chomhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le hAithbhreithniú ar Staid Chúramóirí Lánaimseartha

Ina haighneacht don Chomhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le haithbhreithniú ar staid chúramóirí lánaimseartha, d'athluaigh an Chomhairle an tuairim go bhfuil feabhsú staid na gcúramóirí lánaimseartha riachtanach chun sláinte, dea-bhail agus uathriail daoine aosta na hÉireann a chur chun cinn.

D'admhaigh an aighneacht go bhfuil bunáite na ndaoine aosta réasúnta neamhspleách agus nach dteastaíonn cúram rialta uathu. Mar sin féin, tá roinnt daoine aosta an-spleách agus teastaíonn cúram agus maoirseacht laethúil uathu, agus teastaíonn leibhéal áirithe cúraim óna thuilleadh. Is tacaíocht riachtanach do na daoine sin é an cúnamh a fhaigheann siad ó chúramóirí. Gan é, ní bheadh cuid díobh in ann fanacht ina dtithe agus ina bpobal féin.

Duirt an aighneacht go mbeidh soláthar an chúraim neamhfhoirmiúil seo ina fhadhb thromchúiseach do shochaí na hÉireann sa todhchaí. Faoi dheireadh an deich mbliana seo chugainn, tosóidh méadú mór ag teacht ar choibhneas na ndaoine 70 bliain d'aois agus os a chionn, agus réamh-mheastar go mbeidh méadú mór ar rannpháirtíocht na mban sa lucht oibre, go háirithe mná pósta le dualgais fostaíochta lánaimseartha. Imreoidh sé sin tionchar mór ar shocruithe cúraim sa todhchaí. Chomh maith leis sin, is ábhar buartha é an coibhneas ard de chúramóirí atá ag dul in aois toisc go mbíonn riachtanais ar leith ag cúramóirí aosta, go háirithe maidir leis na gnéithe fisiceacha a bhaineann le cúram.

Táthar ag dréim go dtarlóidh éileamh méadaithe ar sheirbhísí cúram sláinte agus sóisialta pobalbhunaithe sa todhchaí i ngeall ar an laghdú ionchasach i líon na gcúramóirí.

Agus an strus a chuireann cúram ar chúramóirí dhaoine aosta á rianú aici, d'aibhsigh an aighneacht an gá atá le héagsúlacht seirbhísí tacaíochta le cinntiú má ghlactar ról cúraim nach dtarlóidh brú fisiceach, mothúcháin, meabhrach nó airgeadais míchuí dá bharr. Mhionshonraigh sí na tacaí a bhfuil gá leo chun an strus a bhaineann le cúram a mhaolú, agus polasaithe agus cleachtais leasa, agus na struchtúir reachtúla, dheonacha agus phroifisiúnta á bplé aici.

Maidir le daoine aosta le *dementia*, dúirt an aighneacht gur minic gurb iad a dteaghlaigh féin a leanann de bheith ag tabhairt cúram dóibh ach gan ach fíorbheagán cúnamh reachtúil nó proifisiúnta. Dá bhrí sin, d'aibhsigh an Chomhairle go bhfuil sé riachtanach go bhfaigheadh cúramóirí dóthain cúnaimh trí dhiagnóis luath, seirbhísí tacaíochta baile, seirbhísí lae agus cúram faoisimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh idirghabháil phráinneach ag teastáil le déileáil le cruachás na gcúramóirí chun an acmhainneacht guaise síceolaíochta atá mar chuid dhílis de chúram dhaoine le *dementia* a chealú. Lena chois sin, dúirt an aighneacht go bhfuil géarghá le faisnéis agus comhairliúchán maidir le gach gné de *dementia*, go háirithe ar uair na diagnóise, toisc go gcuidíonn sé leis an duine a bhfuil *dementia* air/uirthi agus leis an gcúramóir araon chun déileáil leis an staid nua.

Ar deireadh, shainaithin an aighneacht go mbaineann ríthábhacht le rochtain ar oiliúint do chúramóirí. Aithnítear, áfach, gur gá aghaidh a thabhairt ar staid reatha *ad hoc* maidir le heagrú, soláthar agus creidiúnú oiliúna i gcúram daoine aosta. I dtaca leis sin, ba chóir treoirlínte ar ábhar agus oibriú chóras oiliúna do chúramóirí a fhorbairt, chomh maith le córas caighdeánaithe oiliúna a thabhairt isteach. Ba chóir don churaclam bainistíocht struis, eolas ar aosú agus scileanna pearsanta cúraim a chuimsiú. Mhol an Chomhairle go mba chóir maoiniú reachtúil a chomharthú chun rannpháirtíocht in aon tionscnamh oiliúna náisiúnta a chumasú, chun tacú le táillí agus socruithe saoire agus ionadaíochta a sholáthar. Toisc gur mná iad formhór na gcúramóirí, moltar go mbeadh prionsabail oideachais do dhaoine fásta mar bhunús le tionscnamh den chineál sin agus go gcuirfí an-bhéim ar rochtain.

Ráitis na Comhairle don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir leis an Tuarascáil *The Future Financing of Long-Term Care in Ireland*

Ag é ag cur fáilte roimh thionscnamh na Roinne maoiniú do chúram fadtéarmach in Éirinn sa todhchaí a scrúdú, dhírigh freagra na Comhairle ar a conclúidí agus moltaí sna réimsí meastóireachta riachtanas agus dearadh sochair, roghanna a mhaoiniú, roghanna comhpháirtíochta agus ceisteanna cur i ngníomh.

Agus í ag cur in iúl go mbaineann tábhacht lárnach le creat meastóireachta riachtanas a fhorbairt chun tacú le leithdháileadh buntáistí cúraim fhadtréimhsigh agus seirbhísí do dhaoine aosta, thacaigh an Chomhairle le moltaí an staidéir go mba chóir do chreat mar é a bheith 'oibiachtúil, neamhspleách, cuimsitheach, comhsheasmhach go náisiúnta'. Ach leag an Chomhairle béim ar an ngá atá le dearcadh níos leithne ar an gcreat meastóireachta ná an ceann atá rianaithe sa staidéar, agus béim á leagan aici go mba chóir don dearcadh sin an duine aonair a chur i gceartlár phróiseas na meastóireachta. Agus é á dhéanamh sin, bheadh an próiseas meastóireachta á mhúnlú agus á spreagadh ansin ag riachtanais agus roghanna an duine aosta in ionad ag ceisteanna maoinithe agus seirbhíse.

Luigh an Chomhairle go trom go bhféadfadh tabhairt isteach chóras bainistíochta cúraim agus cáis, a bheadh dírithe ar dhaoine aosta atá ar imeall an chúraim chónaithigh, agus phobail buntáistí sláinte agus sóisialta a bhaint amach trí chaighdeán an chúraim agus chaighdeán beatha dhaoine aosta a fheabhsú, a chumasódh tuilleadh díobh chun fanacht sa phobal. D'aibhsigh an aighneacht freisin go raibh sé géibheannach go suífí bainistíocht cúraim agus cáis i gcomhthéacs contanam de chúram níos mó.

Maidir le dearadh sochair, dúirt an Chomhairle go mba mhaith léi moltaí an staidéir i dtaca le tuilleadh forbartha ar roghanna cónaithe fhóirthe a bheadh suite laistigh d'aon chreat straitéiseach amháin. D'aibhsigh sí freisin an gá atá le suirbhéanna tithíochta a chorpraíonn meastóireacht chuimsitheach ar imthosca tithíochta agus ar riachtanais daoine aosta. Mar bhealach freagartha ar na riachtanais sin, d'éiligh sí leathnú pleanáilte agus straitéiseach agus tionscnaimh eile, ar a n-áirítear roghanna cóiríochta so-oiriúnaithe do dhaoine éislinneacha, idirthréimhseacha agus fadsaoil.

I gcomhthéacs na roghanna maoinithe, d'aibhsigh an Chomhairle go mba chóir an córas árachais shóisialaigh do chúram fadtéarmach a athdhearadh agus a phleanáil chun an rochtain agus an rannpháirtíocht is mó a chumasú do shaoránaigh Éireannacha. De bhreis, chuir an Chomhairle fáilte roimh an aitheantas a thug an staidéar do riachtanais iad siúd a mb'fhéidir nach mbeadh dóthain de stair ranníochach acu, i.e. an dearcadh go mba chóir a gcuid sochar a sholáthar sa ghnáthchúrsa in ionad tar éis acmhainní a thástáil agus nár cheart aon athrú a bheith i leibhéil sochar idir tairbhithe cúnaimh shóisialaigh agus árachais shóisialta.

Agus í ag tabhairt faoi deara go spreagann na córais airgeadais atá ann claonadh institiúideach do chúram fadtéarmach dhaoine aosta, chuir an Chomhairle fáilte roimh mholtaí an staidéir go gcuirfí teidlíocht reachtúil ar shochair chúram baile ar fáil. D'athluaigh sí a dearcadh go mba chóir creat reachtach a cheapadh a rialódh soláthar seirbhísí riachtanacha do dhaoine aosta.

Laistigh de théarmaí an staidéir, déanann roghanna comhpháirtíochta tagairt do roinnt na gcostas a bhíonn i gceist le cúram fadtéarmach idir an Stát agus gnóthais phríomháideacha airgeadais, i.e. maoiniú curtha ar fáil ag duine aosta nó a t(h)eaghlach. Dúirt an Chomhairle go gcuirfeadh sí fáilte roimh choincheap de chomhpháirtíocht níos leithne agus raon iomlán de roghanna comhpháirtíochta a thacódh le soláthar de chúram cónaitheach sa todhchaí. Agus í ag tabhairt faoi deara gur chuir roinnt bord sláinte socruithe ráthúla comhpháirtíochta leis an earnáil dheonach chun cinn i soláthar seirbhísí do dhaoine aosta agus grúpaí eile, d'aibhsigh an Chomhairle go raibh acmhainneacht nach beag ag an gcineál sin de rogha comhpháirtíochta agus go mb'fhiú tuilleadh iniúchta agus plé é.

Ar deireadh, maidir le ceisteanna chur i ngníomh, thacaigh an Chomhairle leis an moladh go mbunófaí Údarás Náisiúnta um Chúram Fadtréimhseach. Chuir sí béim ar an bhfíric gur mhol sí cheana Grúpa Oibre ar Ráthaíocht Caighdeáin a bhunú i gcúram cónaitheach fadtréimhseach agus go mba chóir téarmaí tagartha an Ghrúpa a bheith cuimsithe sa chlár atá molta don Údarás Náisiúnta um Chúram Fadtréimhseach. Chuir sí fáilte freisin roimh an moladh go gcuirfí feachtas náisiúnta faisnéise ar siúl i dtaca le cúram fadtréimhseach.

Páipéar Faisnéise don Choimisiún Athchóirithe Dlí ar *Struchtúir le Daoine Aosta a Chosaint ar Chineálacha Éagsúla Drochúsáide*

Ar chuireadh ón gCoimisiún Athchóirithe Dlí, cheap an Chomhairle páipéar faisnéise ar struchtúir chun daoine aosta a chosaint ar dhrochúsáidí éagsúla. Cuireadh é seo faoi bhráid an Choimisiúin mar chuidiú na Comhairle dá pháipéar comhairliúcháin, *Law and the Elderly*.

Sa réamhrá, thug an Chomhairle faoi deara nár aithníodh ach le deireanas gur fadhb é drochúsáid seanóirí (drochíde, faillí agus/nó mí-úsáid daoine aosta), in éineacht le cineálacha eile drochíde agus mí-úsáide. Tharla sé sin roinnt i ngeall ar go n-aithnítear agus go nglactar le cineálacha eile drochíde mar fhadhbanna sóisialta. Thug sé faoi deara freisin, cé nach eol leitheadúlacht na drochíde ar sheanóirí in Éirinn, go dtarlaíonn sé agus gur dócha go dtarlaíonn sé oiread agus a tharlaíonn i dtíortha forbartha eile. Lena chois sin, tá sé dosheachanta ach go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine aosta atá i mbaol drochúsáid a fhulaingt de réir mar a théann an daonra aosta i méid. Is dócha go gcuirfear bac ar shainaitheantas agus chosc na drochíde ag leitheadúlacht an aosachais sa tsochaí. Dá bhrí sin, thug an Chomhairle tábhacht do dhéileáil le ceist drochíde ar sheanóirí ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil.

Maidir le creataí reatha chun déileáil le mí-úsáid ar sheanóirí in Éirinn, d'aibhsigh an Chomhairle an easpa dlí ábhartha a bhaineann le mí-úsáid ar sheanóirí. Cé go bhfuil an córas dlí á oiriúnú chun riachtanais pháistí soghonta a chosaint, ní léir fós athrú comhchosúil maidir le daoine aosta. Léirigh an Chomhairle fadhb ar leith a chuireann isteach ar an duine aosta, i.e. an deacracht a bhaineann le héagóirí a thuairisciú agus le caingean dlí a thógáil ina n-aghaidh. Agus í á rá go mb'fhéidir nach mbeadh na hacmhainní fisiceacha ná meabhrach ag go leor daoine aosta i suímh mhí-úsáide le caingean dlí a thógáil in aghaidh a lucht éagóra, dúirt an Chomhairle go bhféadfadh an tsoghontacht atá ina cúis leis an mí-usáid a mhíniú freisin cén fáth a mbíonn modhanna traidisiúnta dlí uireasach i dtosca áirithe.

Thug an Chomhairle faoi deara gur féidir le drochúsáid, mar ghreasaíl, ionsaí, ciapadh agus comhéigean a bheith ina cúis le hionchúiseamh coiriúil agus/nó caingne sibhialta ach go bhfuil sé níos deacra tabhairt faoi dhrochúsáid síceolaíoch de bharr a dhobhraite a bhíonn sí. D'aibhsigh sí go bhfuil raon de leigheasanna dlí ar fáil i gcásanna drochúsáide airgeadais, ar a n-áirítear cealú conartha, caingean ar chomhshnó nó meabhlaireacht agus ionchúiseamh de bharr calaoise nó goid. Ba chóir d'íospartaigh drochúsáide comhairle dlí a lorg faoin mbealach is fearr chun a leas airgeadais a chosaint, trí iontaobhas a chruthú b'fhéidir nó trí ghníomhaire nó aturnae a ainmniú.

Sa mhéid agus go bhfuil leigheasanna dlí ar fáil, is leigheasanna dlí ginearálta iad, agus ní bhaineann siad go sonrach leis an duine aosta. Is é tuairim na Comhairle go mba chóir do dhaoine atá ag fulaingt i ngeall ar mhí-úsáid fhisiceach nó shíceolaíoch smaoineamh ar na leigheasanna atá ar fáil faoin reachtaíocht ar fhoréigean teaghlaigh. Mar rogha, ba chóir dóibh urghaire a lorg, gearán a dhéanamh leis na Gardaí a d'fhéadfadh imeachtaí coiriúla a thionscnamh ar an ngnáthbhealach, nó caingean shibhialta a chur ar siúl chun cúiteamh a lorg as aon díobháil a fulaingíodh.

Agus í ag éileamh bealach cearta-bhunaithe, d'aibhsigh an Chomhairle go gcumhachtódh bealach mar sin glacthóirí seirbhísí agus go gcuirfeadh sí an fhreagracht ar sholáthróirí seirbhísí meas a bheith acu ar chearta an ghlacthóra seirbhísí, agus iad a chosaint agus a shásamh. Chomh maith leis sin, d'aibhsigh an Chomhairle go bhfuil gá le reachtaíocht le rochtain a chur ar fáil do na Gardaí i suímh ina bhfuiltear buartha go bhfuil drochíde ar sheanóirí ag tarlú ach nach bhfuil rochtain ar fáil chun toiliú a fháil. Ba chóir don fhoráil seo cuntar a dhéanamh go bhféadfadh na Gardaí a bheith á dtionlacan ag pearsanra sláinte nó cúraim shóisialta de réir mar ba iomchuí le haghaidh chríocha agallaimh/meastóireachta den chineál sin. Mhol an Chomhairle freisin go ndéanfaí aithbhreithniú ar an bhforáil rochtana in aon Acht nua i gceann cúig bliana chun a héifeacht a mheas.

Is é tuairim na Comhairle go bhfuil gá le tacaíocht dlí chun cosaint daoine aosta soghonta nach féidir leo iad féin a chosaint ar dhíobháil agus mhí-úsáid a urrú, bíodh sé i ngeall ar éagumas meabhrach nó iarmhairtí fíor-dhrochíde. Dá bhrí sin, ba chóir athruithe a dhéanamh ar an gCóras Coimircí Cúirte, Acht Rialachán Gealtachta (Éire) agus an córas Cumhacht Bhuan Aturnae. Moladh freisin go dtabharfaí isteach reachtaíocht sláinte meabhrach iomchuí. Ba chóir di seo an fhoráil a chuimsiú chun na daoine aosta úd a bhfuil acmhainneacht laghdaithe shealadach acu, ar nós delirium, a chosaint ar shuíomh drochíde.

Ar deireadh, d'aibhsigh an Chomhairle go raibh gá práinneach le reachtaíocht chun an pobal, agus oibrithe cúram sláinte agus sóisialta a thuairiscíonn drochíde ar sheanóirí de mheon macánta a chosaint ar aon iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh tarlú i ngeall ar a gcuid líomhaintí.

Ráitis na Comhairle don Choimisiún Athchóirithe Dlí maidir leis an bPáipéar Comhairliúcháin *Law and the Elderly*

Ag í ag cur fáilte roimh fhoilsiú an pháipéir chomhairliúcháin ar an dlí agus daoine aosta, rinne an Chomhairle comhgháirdeas leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí as páipéar leis a chur i láthair a bhain cothromaíocht chúramach amach, ina cháilíocht agus ina ábhar ar an iomlán, idir an gá atá le huathriail dhaoine aosta a chosaint agus an gá atá le cosaint reachtach iomchuí a sholáthar dóibh.

Dhírigh freagra na Comhairle ar an bpáipéar go príomha ar na gnéithe úd a bhaineann le moltaí an Ghrúpa Oibre ar Mhí-Úsáid ar Sheanóirí. Thug sé faoi deara gur aontaigh an Coimisiún le moladh an Ghrúpa Oibre go mba cheart an freagra ar dhrochíde ar sheanóirí a shuíomh i gcomhthéacs níos leithne na seirbhísí sláinte agus sóisialta do dhaoine aosta. Sa chomhthéacs sin, chuir sí fáilte roimh aitheantas an Choimisiúin go raibh géarghá le meicníochtaí dlí agus freagraí ar riachtanais daoine aosta soghonta, ach nár leor iad.

Ina theannta sin, thacaigh an Chomhairle le dearbhú an Choimisiúin go mbeadh laghdú ar an ngá atá ag daoine aosta soghonta le cosaint dá mbeadh an reachtaíocht agus na seirbhísí comhordaithe agus comhtháite. Dúirt an Chomhairle gurb é dóthain soláthair do chroíchúram pobail an bhunchloch a b'fhearr le haghaidh idirghabhála chun tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhaoine aosta in aghaidh dhrochíde ar sheanóirí.

Thacaigh an Chomhairle le moladh an Choimisiúin go mba chóir deireadh a chur leis an gcóras Coimircí Cúirte agus chuir sí fáilte ar an iomlán roimh mholtaí an Choimisiúin do bhunú Oifig Caomhnóra Phoiblí neamhspleách. Mheas sí freisin go mba leor leibhéal cóir de chroísholáthar cúraim phobail chun freastal ar riachtanais daoine aosta a chuirtear faoi bhráid na hOifige atá á moladh. Chomh maith leis sin, thacódh an infhaighteacht seirbhísí córa pobail le hoibriú Oifig an Chaomhnóra Phoiblí de réir phrionsabal na coimhdeachta.

Agus í ag déanamh tagairt don Ordú Idirghabhála, thug an Chomhairle faoi deara go raibh sé i gceist ról a bheith ag foirne na mbord sláinte in imscrúdú staideanna faillí nó mí-úsáide. Sa chomhthéacs sin, chuir an Chomhairle in iúl go mba mhaith léi aird a tharraingt ar na struchtúir, na foirne agus na nósanna imeachta d'imscrúdú drochíde ar sheanóirí atá molta ag an nGrúpa Oibre ar Dhrochíde ar Sheanóirí. Bhí na moltaí sin bunaithe ar an aitheantas go bhfuil gá le foireann thiománta le scileanna iomchuí chun freagraí ar dhrochíde ar sheanóirí a bhainistiú agus ar an ngá le soiléireacht maidir le róil, freagrachtaí agus sainorduithe le hidirghabháil agus gníomhú a dhéanamh idir áisínteachtaí agus foirne éagsúla laistigh den áisínteacht nó eagraíocht chéanna.

Chuir an Chomhairle in iúl, áfach, nach raibh aon soláthar déanta ag an gCoimisiún le haghaidh reachtaíochta chun cosaint a thabhairt do bhaill an phobail agus d'oibrithe cúram sláinte agus sóisialta a thuairiscíonn amhras maidir le drochíde ar sheanóirí de mheon macánta. Ag glacadh leis go mbeadh na córais nua cosanta ag brath go trom ar rannpháirtíocht oibrithe cúram sláinte agus sóisialta, agus ar fhoirne na mbord sláinte ach go háirithe, beidh an reachtaíocht seo riachtanach dá gcur i ngníomh go héifeachtach, a dúirt an Chomhairle.

Mhol an Grúpa Oibre ar Dhrochíde ar Sheanóirí leathnú ar Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta go dtí na seirbhísí pobail agus cónaitheacha go léir le haghaidh daoine aosta, mar a mholtar sa Straitéis Náisiúnta Sláinte. Thug an Chomhairle faoi deara go rabhthas ag súil go ndéanfaí leathnú ar shainchúram Chigireacht Sheirbhísí Sóisialta na hÉireann go dtí an earnáil fhadchónaitheach sar i bhfad. Mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Coimisiún moladh ina thaobh sin.

Sa phlé a rinne sé ar an reachtaíocht a bhaineann le foréigean teaghlaigh, chuir an Coimisiún in iúl gur féidir leis na boird sláinte cur isteach ar na harduithe ábhartha ar son daoine fásta soghonta. I dtéarmaí na moltaí le haghaidh chomhordú idir an reachtaíocht atá ann maidir le foréigean teaghlaigh agus an córas cosanta nua atá rianaithe sa pháipéar comhairliúcháin, d'aibhsigh an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle go gníomhach leis na boird sláinte agus a gcuid tuairimí i dtaca le gach gné de na moltaí a lorg.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh mholtaí sealadacha an Choimisiúin maidir le hinstitiuidí airgeadais agus a gcuid custaiméirí. Thug sí faoi deara an moladh go mba chóir go mbeadh ar na hinstitiúidí airgeadais a chur in iúl dá gcuid custaiméirí go bhfuil Oifig an Chaomhnóra Phoiblí ann agus na seirbhísí atá ar fáil uaithi.

Is fada an Chomhairle buartha faoi staid na ndaoine aosta a shíníonn uathu a maoin nó a sóchmhainní do pháirtí eile go neamh-inchúlghairthe. Dá bhrí sin, thacaigh sí le moladh sealadach an Choimisiúin go ndéanfaí smaoineamh ar 'threoirlínte sonracha' le cabhrú le dlíodóirí agus proifisiúnaithe eile agus iad ag plé le hidirbhearta airgeadais agus maoine.

Dúirt an Coimisiún nach bhfuil an reachtaíocht a rialaíonn teidlíocht ar sheirbhísí fadchónaitheacha poiblí soiléir. Maidir le dearcadh na Comhairle, is ceist ghéibheannach é an easpa treoirlínte soiléire i dtaca leis an dlí ar theidlíocht ar chúram fadchónaitheach. Mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Coimisiún moladh soiléir maidir le teidlíocht dhaoine aosta ar sheirbhísí fadchónaitheacha.

Ar deireadh, thug an Chomhairle faoi deara gur toradh é an páipéar ar aithbhreithniú a bhfuil fáilte roimhe ar an soláthar dlí atá ann do dhaoine aosta soghonta. Léirigh sí an dóchas gur chuir sé sin in iúl go mba ábhar rialta agus sceidealaithe iad na hidirbhearta nua atá molta ag an gCoimisiún, má agus nuair a chuirfear i ngníomh iad, agus chuir sí fáilte roimh mholadh atá cuimsithe tuarascáil dheiridh an Choimisiúin a aithbhreithniú laistigh de chreat ama tugtha.

2. Cuimsitheacht Shóisialta do Dhaoine Aosta a Chur Chun Cinn

Creideann an Chomhairle gur acmhainn luachmhar iad daoine aosta dá dteaghlaigh, dá bpobail agus don tsochaí i gcoitinne agus, go deimhin in ionad iad a bheith ina n-ualach ar an tsochaí, go bhfuil saol ár náisiúin saibhrithe ag daonra na saoránach aosta atá ag dul i méid. Creideann sí freisin nár cheart go ndéanfadh sochaí na hÉireann imeallú ar aon saoránach aosta i gcoitinne agus gur chóir ráthaíocht maidir leis na cearta agus na pribhléidí a thabhairt do gach saoránach, is cuma cén aois atá sé/sí. Tá an dearcadh sin ag teacht le príomhghné an pholasaí shóisialta náisiúnta reatha a bhfuil mar aidhm aige 'sochaí don uile aois' a chruthú ina bhfuil comhionannas agus lánchearta ag gach saoránach.

Ach is trua go bhfulaingíonn líon mór daoine aosta in Éirinn de bharr bochtaineachta, droch-shláinte, míchumais, míbhuntáiste oideachais, tithe faoi bhun gnáthchaighdeáin nó áiseanna iompair uireasacha. Déanann rochtain éacgothrom ar na seirbhísí sláinte, cúraim shóisialta agus leasa a bhíonn ag teastáil uathu chun go gcaithfidh siad saol folláin, sásta agus neamhspleách chomh fada agus is féidir imeallú ar dhaoine aosta freisin.

Aighneachtaí

Aighneacht don Údarás Náisiúnta Míchumais maidir lena Phlean Straitéiseach 2004-2006

Ina haighneacht don Údarás Náisiúnta Míchumais, d'aibhsigh an Chomhairle go mba mhaith léi deireadh a chur leis an dearcadh go mbreathnaítear ar dhaoine le míchumas atá níos lú ná 65 bliain d'aois mar dhaoine míchumasaithe agus nach bhfuil daoine le míchumas atá 65 bliain d'aois nó níos mó ach 'sean'. Is é dearcadh na Comhairle go léiríonn easpa ionadaíochta daoine aosta ag leibhéal polasaí an dearcadh sin uaireanta agus an scaradh amach ceisteanna seirbhíse míchumais do dhaoine aosta. I bhfianaise na fírice go n-aithnítear aois agus míchumas mar dhá cheann de na naoi bhforas faoina ndéantar leatrom ar dhaoine in Éirinn, molann an Chomhairle an bealach ceartabhunaithe atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach.

Cé go bhfuil formhór na ndaoine aosta folláin agus urrúnta, baineann sé le dealramh go bhfulaingeoidh siad míchumas níos mó ná daoine óga. D'fhéadfadh il-mhíchumas a bheith i gceist, mar shampla, éisteacht, radharc agus soghluaiseacht laghdaithe. Is é tuairim na Comhairle gur cóir iarracht speisialta a dhéanamh a gcearta agus a dteidlíocht a chur in iúl do dhaoine aosta agus iad a chumhachtú chun gníomh a dhéanamh nuair a fhulaingíonn siad leatrom.

Agus í ag tabhairt faoi deara go raibh soláthar de thithíocht oiriúnach do dhaoine aosta ar cheann de na tosca is tábhachtaí a chuireann ar a gcumas fanacht ina gcónaí sa phobal, thacaigh an Chomhairle le *Building for Everyone – Inclusion, Access and Use* (NDA, 2002) mar phríomhthreoir chun timpeallacht fhisiceach inrochtana a chinntiú do chách.

Agus ráiteas Choimisiún an Chumainn Faisnéise 'grúpaí ar nós iad siúd atá dífhostaithe, daoine le míchumais agus daoine aosta is mó a bhfuil an acmhainneacht acu buntáiste a bhaint as an teicneolaíocht nua' á lua aici, mhol an Chomhairle an tÚdarás Náisiúnta Míchumais as bunús a chur faoi ghealltanais an Rialtais maidir le seirbhísí poiblí inrochtana trí threoirlínte náisiúnta rochtana a dhréachtadh. Chinnteoidh ceapadh na dtreoirlínte sin go mbeidh na teicneolaíochtaí faisnéise ar a n-áirítear an teileafón póca, ATMnna agus bogearraí ríomhaire áisiúil don úsáidire. Dhearbhaigh an aighneacht go mbainfidh daoine aosta leas as deiseanna níos mó d'oideachas breise/d'fhorbairt phearsanta agus cuimsitheacht shóisialta nuair a éireoidh dea-chleachtas maidir le teicneolaíocht inrochtana coitianta.

Mhol an Chomhairle freisin go gcabhródh fócas méadaithe ar thaighde a dhéanamh ar líon na ndaoine le míchumas i réigiúin/suímh éagsúla chun leithdháileadh cóir acmhainní do dhaoine le míchumas a éascú is cuma faoina n-aois. Dá ndéanfaí líon na ndaoine de gach aois le radharc nó éisteacht laghdaithe agus míchumais eile go mbeadh sé ina phríomhthoisc mar bhunús agus mar thacaíocht le pleanáil agus forbairt polasaí agus seirbhísí do dhaoine míchumasaithe in Éirinn. Cé gur mhol an Chomhairle an tionscnamh a rinne an Bord Taighde Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí nuair a bunaíodh an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Mhíchumas Fisiceach agus Céadfach in 2001, dúirt sí go raibh sí buartha go mbailítear an fhaisnéis suas go dtí 65 bliain d'aois agus ní ina dhiaidh sin. D'aibhsigh sí go mba chóir cothroime measa a bheith ann i mbailiú sonraí i dtaca le daoine aosta míchumasaithe

Ar deireadh, mhol an Chomhairle go mba chóir go mbeadh mar bhunphrionsabal an Phlean Straitéisigh tacú le maireachtáil go neamhspleách ar feadh saol an duine, agus go mbeadh béim ar an timpeallacht tógtha, iompar agus ar dhea-bhail airgeadais.

3. Sláinte, Leas agus Uathriail Daoine Aosta a Chur Chun Cinn in Éirinn

Is ábhar buartha don Chomhairle le fada an lá é stádas sláinte daoine aosta in Éirinn. Tá an t-ionchas saoil de 65 bliain i bhfad taobh thiar de mheán an AE, agus fulaingíonn daoine aosta na hÉireann cuid mhaith níos mó drochshláinte agus míchumais ná a macasamhla i bhformhór na dtíortha Eorpacha eile. Creideann an Chomhairle go bhfuil gá le polasaithe aosaithe sláintiúil agus le cláir a fheabhsaíonn sláinte, rannpháirtíocht agus slándáil dár saoránaigh aosta.

Ó 2001 i leith, tá an Chomhairle i mbun a Clár Aosaithe Shláintiúil a fhorbairt. Is clár oibre é seo a thacaíonn le cur i ngníomh *Adding Years to Life and Life to Years: A Health Promotion Strategy for Older People* (NCAOP, 1998). Is iad na spriocanna atá ag an gClár Aosaithe Shláintiúil ná:

- feabhas a chur ar ionchas saoil ag aois 65 bliain agus ina dhiaidh;
- feabhas a chur ar stádas sláinte daoine ag aois 65 bliain agus ina dhiaidh;
- feabhas a chur ar bheatha agus uathriail daoine aosta a bhfuil tinneas agus míchumas ag cur as dóibh cheana féin;
- cur le hionchas seanaoise sláintiúla agus taitneamhaí.

Tá mar aidhm ag an gClár tacú le raon earnálacha a bhfuil ról acu in aosú sláintiúil trí fhorbairt agus tógáil acmhainneachta sna réimsí a bhaineann le líonrú, oiliúint, ábhair, eiseamláirí dea-chleachtais, tionscnaimh náisiúnta chomhpháirtíochta, feasacht phobail agus meastúchán tionscnamh.

An Bunachar Sonraí Aosaithe Shláintiúil

In 2003, choimisiúnaigh an Chomhairle nuashonrú agus athdhealbhú tábhachtach ar a heolaire de thionscnaimh chur chun cinn sláinte do dhaoine aosta. D'éiligh na treoracha taighde níos mó ná cur leis an mbunachar sonraí amháin a bhí ann. Theastaigh faisnéis cháilíochtúil agus cainníochtúil araon ar cad a bhraith cleachtóirí i dtaca le polasaí agus cleachtas aosaithe shláintiúil in Éirinn. Reachtáil taighdeoirí sraith seimineár i ngach réigiún boird sláinte ag a nglac ionadaithe na seirbhísí sláinte, agus na hearnálacha reachtúla agus deonacha páirt i bplé ilearnálach faoi na tosaíochtaí agus na dúshláin sa réimse aosaithe shláintiúil. Bailíodh tuilleadh faisnéise ansin trí mheán suirbhé poist a rinneadh i ndiaidh na seimineár réigiúnach.

Ar na tionscadail agus na seirbhísí atá mionsonraithe sa mbunachar sonraí tá aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht fhisiceach/chothú, titimí a chosc, oideachas breise, cuimsitheacht shóisialta agus sláinte meabhrach. Ba é cruthú an Bhunachair Sonraí tús an phróisis, agus tá cleachtóirí agus eagraíochtaí á spreagadh chun é a nuashonrú agus chun tuilleadh faisnéise a chur leis. Is féidir an Bunachar Sonraí Aosaithe Shláintiúil a rochtain trí láithreán gréasáin na Comhairle ag **www.ncaop.ie**.

Eolaire Acmhainní Faisnéise maidir le hAosú Sláintiúil le hAghaidh Daoine Aosta (Tuarascáil Uimh. 76)

Teastaíonn ó dhaoine aosta agus ó ghrúpaí daoine aosta feabhas a chur ar a sláinte féin ach d'fhéadfadh cabhair phraiticiúil a bheith de dhíth orthu chun a n-acmhainneacht chur chun le cinn sláinte a bhaint amach. Dá bhrí sin, bhraith an Chomhairle go gcuirfeadh eolaire de na hábhair aosaithe shláintiúil atá ann cheana cabhair phraiticiúil ar fáil i dtaca leis sin. Cuimsíonn na hábhair atá liostaithe raon leathan topaicí, ar a n-áirítear sláinte agus tinneas, stíl bheatha, cearta agus teidlíochtaí, agus tithíocht, chomh maith le faisnéis a bhaineann le deiseanna oiriúnacha oideachais fhadsaoil agus forbairt phearsanta.

Táthar ag súil go mbeidh an tEolaire ina lámhleabhar d'acmhainní praiticiúla le haghaidh daoine aosta, soláthróirí cúram sláinte agus sóisialta, agus grúpaí pobail atá ag obair le daoine aosta. Faoi dheireadh, táthar ag súil go gcabhróidh an tEolaire le daoine aosta chun a lán-acmhainneacht a bhaint amach, agus sláinte agus buntáistí sóisialta a bheith acu le linn a dtríú agus a gceathrú haoiseanna.

Aosú Sláintiúil in Éirinn: Polasaí, Cleachtais agus Meastóireacht (Tuarascáil Uimh. 77)

Agus í gaolmhar le hathdhealbhú an Bhunachair Sonraí Aosaithe Shláintiúil, choimisiúnaigh an Chomhairle tuarascáil chun anailís a dhéanamh ar scála agus treo na dtionscnamh aosaithe shláintiúil go náisiúnta. Is aithbhreithniú cuimsitheach í *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation* ar chur i ngníomh ghníomhaíochtaí aosaithe shláintiúil in Éirinn ag boird sláinte, eagraíochtaí proifisiúnta, grúpaí pobail agus áisínteachtaí deonacha. Cuireann sí eiseamláirí dea-chleachtais ar aosú shláintiúil i láthair freisin i dtéarmaí pleanála, feidhmithe agus meastóireachta tionscnamh chun aosú sláintiúil a chur chun cinn le daoine aosta.

Mórthorthaí

- Léiríonn an staidéar nach bhfuil dóthain á dhéanamh faoi láthair chun sláinte agus dea-bhail an daonra aosta sa tír seo a fheabhsú. Tá céim níos ísle ag Éirinn i measc tíortha Eorpacha i dtéarmaí ionchais saoil ag aois 65 bliain, agus tá bearna de 2.11 bliain idir meán na hÉireann agus meán an AE.
- I rangú ionchais saoil shláintiúil do 23 tír fhorbartha a rinne ESD, rangaíodh Éire sa dara háit ón deireadh d'fhir agus san áit dheireannach do mhná. Is í an bhearna d'ionchas saoil idir Éirinn agus an tír is fearr a chruthaíonn (an tSeapáin) ná 3.2 bliain d'fhir agus 4.6 bliain do mhná.
- Oibríonn aosachas tionchar diúltach ar thionscadail agus ar sheirbhísí a chuireann aosú sláintiúil chun cinn. Buanaíonn míthuiscintí agus dearcaí diúltacha i leith dhaoine aosta an leithdháileadh uireasach d'acmhainní seirbhíse do dhaoine aosta agus bíonn siad ina gcúis leis na buntáistí a bhaineann le tionscadail agus seirbhísí aosaithe shláintiúil a mheas faoin a luach ag lucht ceaptha polasaí.
- Tá na meicníochtaí maoinithe atá ann d'fhorbairt aosaithe shláintiúil *ad hoc*, scoilte agus dírialta. Agus é seo d'ainneoin gur eol gurb iad iompraíochtaí stíle beatha agus tosca timpeallachta is cúis le níos mó ná 70 faoin gcéad den mhortlaíocht inseachanta. Chomh maith leis sin, tá maoiniú uireasach an chórais chúraim phoiblí ina bhac ar bhealaí nuálacha chun aosú sláintiúil a fhorbairt.
- Imríonn costas árachais dliteanais phoiblí éifeacht thoirmeascach ar thionscnamh a fhorbairt atá pobalbhunaithe chun aosú sláintiúil a chur chun cinn.
- Níl aon bhealach aonfhoirmeach ann do chur chun cinn sláinte le haghaidh daoine aosta ar fud na tíre. Tá oifigigh chur chun cinn sláinte do dhaoine aosta ag roinnt ranna cur chun cinn sláinte ach níl ag a bhformhór. Níl aon cheanglas ar ranna cur chur cinn sláinte dul chun cinn a thuairisciú i dtaca leis an Straitéis Chur Chun Cinn Sláinte do Dhaoine Aosta le comhlacht láir.

- Is corrthionscnamh aosaithe shláintiúil atá dírithe go sonrach ar ghrúpaí ioncaim ísil, d'ainneoin na fírice gur bhreathnaigh cuid mhaith páirtithe leasmhara ar ghrúpaí den chineál sin a ndeachthas i gcomhairle leo don staidéar mar spriocanna tosaíochta le haghaidh chur chun cinn sláinte. Is féidir cosc a chur le cuid mhaith cúiseanna le bás réamhaibí i measc daoine ó ghrúpaí socheacnamaíocha ísle agus tá siad inleigheasta ag idirghabháil polasaí.

Moltaí na Tuarascála

- Ba chóir do na struchtúir athchóirithe soláthar a dhéanamh le haghaidh monatóireacht ar dhul chun cinn ar bhonn bliana i dtaca le cur i ngníomh na Straitéise Cur Chun Cinn Sláinte do Dhaoine Aosta.
- Neartódh monatóireacht agus maoiniú leanúnach bearta comhionannais do dhaoine aosta, mar atá sonraithe in *Implementing Equality for Older People* (An tÚdarás Comhionannais, 2001) forbairt aosaithe shláintiúil in Éirinn, agus chuideodh sé le cur in aghaidh fadhb an aosachais.
- Ba chóir don Roinn Sláinte agus Leanaí ciste náisiúnta bliantúil de €5 milliún a leithdháileadh le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscnamh náisiúnta aosaithe shláintiúil agus len í a chur chun cinn.
- Ba chóir seirbhísí baile agus pobail do dhaoine aosta a bhunú ar bhonn reachtúil agus ba chóir reachtaíocht iomchuí a chur i ngníomh i dtaca leis seo.
- Ba chóir struchtúr náisiúnta tacaíochta a chur ar bun le costais árachais dliteanais phoiblí a aithbhreithniú agus a laghdú le haghaidh grúpaí pobail atá i mbun gníomhaíochta le cur chun cinn sláinte. Molann an Chomhairle freisin Grúpscéim Árachais le haghaidh Eagraíochtaí Seirbhísí Sóisialta Deonacha a fhorbairt a chuideodh le costas árachais dliteanais phoiblí a laghdú.
- Ba chóir do gach bord sláinte agus údarás áitiúil acmhainní a leithdháileadh i gcomhair meastóireachta leanúnaí ar riachtanais maidir le riachtanais sláinte agus cur chun cinn sláinte do dhaoine aosta. Thug an Chomhairle faoi deara gur féidir meastóireacht riachtanas den chineál sin a reachtáil ar bhealach costéifeachtach trí chomhpháirtíocht a bheadh ag obair le grúpaí pobail agus seirbhísí pobalbhunaithe.
- Is gá maoiniú ilbhliantúil le haghaidh tionscnamh aosaithe shláintiúil agus chuideofaí tuilleadh le hinbhuaine trí am cosanta foirne agus pearsana ceannaireachta ainmnithe a sholáthar.
- Ba chóir do bhoird sláinte agus d'údaráis áitiúla a gcuid próiseas comhairliúchain le daoine aosta a fhorbairt le linn na gcéimeanna pleanála de thionscnaimh agus straitéisí aosaithe shláintiúil.

Imeachtaí

Comhdháil Aosaithe Shláintiúil 2003

Bainfidh mórimpleachtaí leis an méadú réamhmheasta ar líon na ndaoine aosta sna blianta atá amach romhainn do shochaí na hÉireann, agus beidh cuid mhaith dúshlán i gceist chomh maith le mórdheiseanna. Creideann an Chomhairle má táthar le bainistiú ráthúil a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin seo, go mbeidh sé riachtanach polasaithe gníomhacha aosaithe agus cláir a fheabhsaíonn sláinte, rannpháirtíocht agus slándáil dár saoránaigh aosta a thabhairt isteach. Chun aibhisiú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le haosú sláintiúil agus a acmhainneacht le sláinte agus dea-bhail a chur chun cinn sa bheatha aosta, thionóil an Chomhairle a Comhdháil Aosaithe Shláintiúil 2003 ar an 25 Samhain 2003 ag an Óstán Burlington i mBaile Átha Cliath. Rinne níos mó ná 350 rannpháirtí freastal uirthi ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus príomháideacha. Cheiliúir an chomhdháil seoladh Bhunachar Sonraí Aosaithe Shláintiúil na Comhairle agus *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation*.

An Seisiún Tosaigh

Rinne an tOllamh Davis Coakley cur síos go hachomair ar cad is ciall le cur chun cinn sláinte agus cén fáth a mbaineann tábhacht leis do dhaoine aosta in Éirinn. Rinne sé cur síos ar stádas sláinte dhaoine aosta in Éirinn, agus é á rá go bhfuil an t-ionchas saoil in Éirinn níos ísle ná mar atá sé sa chuid is mó de bhallstáit eile an AE. Rianaigh sé na tosca a chuireann isteach ar shláinte dhaoine aosta agus conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt orthu. Chuir sé an cás i láthair do chur chun cinn sláinte agus d'aosú gníomhach, agus mhol sé roinnt céimeanna i dtreo aosaithe shláintiúil. Thaispeáin sé gur iomaí bealach atá ann chun sláinte agus buntáiste sóisialta a optamú sa tseanaois agus chun go n-éireoidh leo go gcaithfidh cláir aghaidh a thabhairt ar éagothroimí sóisialta chomh maith le ceisteanna sláinte agus go gcaithfidh siad gnéithe síceolaíocha agus fisiceacha aosaithe a chuimsiú.

Chuir an Dr Helen McAvoy síos ar chúlra Chlár na Comhairle Náisiúnta um Aosú Sláintiúil agus thug sí an comhthéacs don bhealach chun cinn mar a mholtar ina creat straitéiseach. Ina dhiaidh sin, rinne sí cur síos ar conas a dearadh an creat straitéiseach, agus rianaigh sí i dtéarmaí praiticiúla cad tá i gceist ag an gClár um Aosú Sláintiúil a dhéanamh. Rinne sí cur síos ar conas a bheadh an Clár um Aosú Sláintiúil ina acmhainn a chuirfeadh ar chumas chur chun cinn na sláinte do dhaoine aosta an acmhainneacht is iomláine atá aige a bhaint amach. Mhínigh sí go raibh sé riachtanach, chun é sin a dhéanamh, i measc rudaí eile, feasacht an phobail a mhéadú, oiliúint agus ábhair oiriúnacha a sholáthar, eolas maidir leis na heiseamláirí de-achleachtais is fearr a chur ar fáil, líonrú agus roinnt eolais a ghríosú, agus oibriú ar mhaithe le tógáil pholasaí sláinte pobail.

An Dara Seisiún

Rinne Edel Murphy cur síos ar conas a forbraíodh an Bunachar Sonraí um Aosú Sláintiúil agus conas is féidir é a úsáid. Dúirt sí go mbíonn faisnéis faoi aosú sláintiúil scoilte de ghnáth. Ach chun an Straitéis um Chur Chun Cinn Sláinte a chur i ngníomh go ráthúil bhí dhá rud ag teastáil: líonra cuimsitheach faisnéise agus tacaíochta chun sláinte, leas agus uathriail daoine aosta a chur chun cinn; agus eiseamláirí dea-chleachtais d'aosú sláintiúil a shainaithint. Chun an dá sprioc sin a bhaint amach, ba ghá cleachtadh leathan comhairliúcháin a chur ar siúl le páirtithe leasmhara i réimse an aosaithe shláintiúil in Éirinn. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis sin chun an Bunachar Sonraí um Aosú Sláintiúil a chruthú.

Chuir an Dr Eamon O'Shea príomhchinní a thuarascála, *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation* i láthair. Chuir an Dr O'Shea síos ina chur i láthair ar roinnt de na téamaí féiltiúla ó na seimineáir: leitheadúlacht dearcaí aosachais; nádúr iltoiseach an aosaithe shláintiúil agus an gá le samhail iomlán chomhtháite d'aosú; agus tábhacht na tithíochta agus an iompair d'aosú sláintiúil.

I dtéarmaí tionscnaimh aosaithe shláintiúil a fhorbairt, chinn an Dr O'Shea go raibh na rannpháirtithe buartha ach go háirithe faoin easpa maoinithe chomh maith leis na fadhbanna a bhíonn le sárú nuair a dhéantar iarracht cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh dá dtionscnamh aosaithe shláintiúil – ba mhó iad na deacrachtaí a d'aimsigh cuid mhaith i ngeall ar easpa eiseamláirí comhpháirtíochta do chomhoibriú poiblí, príomháideach agus deonach.

Mheas rannpháirtithe na seimineár gurb é comhairliúchan le daoine aosta an eilimint is riachtanaí de dhea-chleachtas maidir le haosú sláintiúil. Mar sin féin, rinneadh cáineadh toisc nach raibh na struchtúir ann i gcónaí chun ligint do chomhairliúchán fiúntach a tharlú.

Rinne an Dr O'Shea roinnt moltaí ansin i dtaca le todhchaí aosaithe shláintiúil, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- an gá le haoisdhíonadh a chur i bhfeidhm i ngach réimse de cheapadóireacht polasaí phoiblí,
- go háirithe i réimsí na sláinte agus chúraim shóisialta, fostaíochta agus oideachais, chun aghaidh a thabhairt ar aosachas;
- Ciste Aosaithe Shláintiúil ainmnithe agus cosanta a chur ar bun chun nuálaíocht agus trialacha i dtaca le tionscnaimh aosaithe shláintiúil a spreagadh;

- an gá leis an stoc tithíochta do dhaoine aosta a fheabhsú agus le tithíocht a dhéanamh níos inrochtana agus saor ó chonstaicí, le cur ar chumas daoine aosta fanacht ina dtithe féin fiú má éiríonn siad spleách;
- an gá le tógáil acmhainneachta do ghrúpaí deonacha agus scorghrúpaí gníomhacha ag leibhéal an phobail le cur ar a gcumas spriocanna aosaithe shláintiúil a chomhlíonadh;
- an gá go gcuirfí daoine aosta i gceartlár cheaptha cinní sa phobal agus i gcúram cónaithe araon;
- an gá le cinntiú gur bunchuid é aosú sláintiúil de straitéis chúraim phríomhúil.

Leag an tOllamh Cecily Kelleher na cinní amach ón dá staidéar SLÁN a rinneadh in 1998 agus 2002. Léirigh sí gur tháinig athrú ó 1998 ar chomhdhéanamh, dearcaí agus iompraíocht an daonra daoine aosta a bhfuil aois 55 bliain acu agus os a chionn.

Mheas coibhneas níos mó de shampla 2002 go raibh caighdeán a saoil an-mhaith. Mheas níos lú díobh go raibh sláinte den scoth nó sláinte mhaith acu i gcomórtas leo siúd in 1998; ach bhí diaibéiteas agus leibhéil arda colaistéaróil ar níos mó díobh, agus bhí cleachtadh bog á ghlacadh ag níos lú díobh.

Léirigh an taighde freisin gur táscaire í aicme shóisialta ar shláinte agus dhea-bhail. Ba lú ba dhóichí go measfadh duine in aicme 5 nó 6 go raibh caighdeán a s(h)aoil an-mhaith ná duine in aicme shóisialta 1 nó 2 agus ba lú ba dhóichí go measfadh a s(h)láinte a bheith den scoth nó an-mhaith. Go deimhin ba mhó ba dhóichí go mbeadh tinneas fadtéarmach nó míchumas ar dhuine san aicme shóisialta sin.

Léirigh an tOllamh Kelleher freisin go bhfuil baint ag an gceantar ina gcónaíonn daoine aosta lena stíl bheatha agus dea-bhail. Ba mhó ba dhóichí go bhfeicfí bristeacha isteach mar fhadhb acu siúd a bhí ina gcónaí i gceantair uirbeacha ná acu siúd i gceantair tuaithe. Ba mhó cuid mhaith ba dhóichí go n-aontódh siad siúd a chónaíonn i gceantair tuaithe gur féidir leo muinín a chur sna daoine ina gceantair ná iad siúd a chónaíonn i gceantair uirbeacha.

Seisiúin Chomhthreomhara

I gCeardlann a hAon 'Homeless Older People', rinne Pat Doherty cur síos ar conas a tharla gur bunaíodh an De Paul Trust in Éirinn. Rinne sé cur síos ar na brúnna a reachtálann siad i mBaile Átha Cliath agus rianaigh sé fadhbanna sláinte – fisiceacha agus síceolaíocha – lucht úsáidte na mbrúanna. Bhí an droch-shláinte ag cur as don chuid is mó díobh, agus rinneadh níos measa í trí shaol gan dídean a chaitheamh. D'fhulaing cuid mhaith freisin mar thoradh ar mhí-úsáid drugaí agus alcóil. B'iomaí agus b'éagsúil iad na dúshláin a bhí curtha ar an Depaul Trust agus ar a chuid cliant, ar a n-áirítear easpa cóiríochta 'bog ar aghaidh' do dhaoine aosta a bhí ag baint úsáide as na brúanna agus easpa rochtana ar chúram sláinte.

Chuir Alice Leahy síos ar fhealsúnacht TRUST – plé le daoine mar dhaoine. Tá sé mar aidhm aige cosc a chur ar dhaoine aosta atá gan dídean a bheith ina ndaoine corra. Agus úsáid á baint aici as trí chás-staidéar, léirigh Alice na seirbhísí tacaíochta a thugann foireann TRUST do dhaoine gan dídean agus an cur chuige pearsalárnach a ghlacann siad.

Sa phlé ina dhiaidh sin, agus Mary Higgins ina Cathaoirleach, d'admhaigh rannpháirtithe na ceardlainne an gá le cosc a chur ar dhaoine aosta a bheith gan dídean agus le cinntiú nach mbeidh ach gearrthréimhse i gceist dóibh siúd a bhíonn mar sin. Iad siúd a bhí ina gcónaí i mbrú ar feadh na mblianta fada dúradh go mbreathnaíonn siad ar an mbrú mar bhaile. Aontaíodh nach raibh sé iomchuí i gcónaí daoine a bhogadh ar aghaidh agus go raibh gá le cur chuige nua agus difriúil a aimsiú agus a chur i bhfeidhm. D'aontaigh na rannpháirtithe gur chóir aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chúraim sláinte atá ag daoine aosta gan dídean ar bhealach oiriúnach agus pearsalárnach. Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach duine ar na gnáthshéirbhísí sláinte. D'aontaigh na rannpháirtithe nár chóir daoine aosta gan dídean a eisiamh nó a imeallú toisc go mbraitear go bhfuil deacrachtaí ag roinnt leo.

I gCeardlann a Dó 'Older People in Long-Term Residential Care', rinne Catherine Lawlor cur síos ar cad tá i gceist le hAltranas Gníomhaíochta agus mhínigh sí ábhar an Chlár Gníomhaíochta. Is féidir timpeallacht thacúil a chruthú le clár den chineál ar chuir sí síos air a chabhraíonn le caighdeán saoil a fheabhsú dóibh siúd atá ina gcónaí i gcúram cónaitheach fadtéarmach.

Rinne an Dr Suzanne Cahill cur síos ar an tábhacht a bhaineann le dearadh agus leagan amach chun feabhas a chur ar chaighdeán saoil na ndaoine aosta atá ina gcónaí i dtithe cónaitheacha fadtréimhseacha, go háirithe iad siúd a bhfuil *dementia* orthu. Chuir sí síos ar an rud ar a mbreathnaítear mar an cleachtas deartha is fearr agus ar na buntáisti a bhaineann leis do gach duine atá i gceist – cónaitheoirí, foireann agus daoine a thugann cúram teaghlaigh. Mhínigh an Dr Cahill gur beag duine in Éirinn go dtí le gairid a d'infheistigh i ndearadh nó i sainaonaid chúraim. Chuir sí cinní taighde nua in iúl a léiríonn nach gcomhlíonann ach beagán de na tithe fadchónaitheacha na treoirlínte don chleachtas is fearr. D'admhaigh sí an gá le cothroime a bheith idir riachtanais úinéirí thithe cúraim – tithe costéifeachtacha a reachtáil agus cloí le rialacháin – agus cearta agus riachtanais chónaitheoirí.

D'aibhsigh an plé ina dhiaidh sin, agus Pat O'Toole ina Chathaoirleach, an gá atá le gaol diongbháilte a chothú agus a neartú idir othair, cúramóirí agus foireann. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh sé bunriachtanach fíorbhaile do dhaoine aosta a dhéanamh d'aonad fadchónaitheach. Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo, mhol na rannpháirtithe go ndéanfaí Altranas Gníomhaíochta a fhorbairt agus a neartú le hoiliúint; go ndéanfaí acmhainní a leithdháileadh chun feabhas a chur ar dhearadh thithe fadchónaitheacha, go háirithe iad siúd do dhaoine le *dementia*; agus go ndéanfaí smaoineamh ar chomhpháirtíochtaí poiblí-príomháideacha mar bhealach chun tithe altranais agus cúram fadchónaitheach a mhaoiniú.

I gCeardlann a Trí 'Older Men, Including Those Living Alone', rinne Geraldine Delorey cur síos ar na tosca agus an tsláinte a bhaineann le fir aosta san Iarthuaisceart. Tá cúlra feirmeoireachta agus iascaireachta ag cuid mhaith de na fir sa cheantar seo; maireann coibhneas ard díobh ina n-aonar agus tá cárta leighis ag coibhneas ard díobh. Shainaithin Geraldine ceithre phríomhthráth idirthréimhseacha i saol na bhfear (scor nó aois an phinsin a bhaint amach, tús le tinneas nó míchumas, bogadh ó bhaile agus bás) agus rinne sí cur síos go hachomair ar a dtionchar siúd ar shaol na bhfear san Iarthuaisceart. Mhol sí roinnt rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an staid a fheabhsú, ar a n-áirítear díriú ar shláinte na bhfear roimh scor, cláir sláinte d'fhir roimh scor, cláir scoir, agus grúpaí fear a bhunú.

Rianaigh Finian Murray ina pháipéar cinní taighde maidir le fir agus a sláinte: go bhfuil ionchas saoil níos ísle ag fir ná mná, go mbíonn leibhéil níos airde iompraíochta acu a mbaineann riosca agus díobháil don tsláinte léi; agus gur lú is dóichí go lorgóidh siad cóireáil nó go bhfanfaidh siad rófhada sula lorgóidh siad cóireáil. Dúirt Finian nach bhféadfaí feabhsúcháin i sláinte na bhfear a bhaint amach ach amháin trí chomhairliúchán agus comhpháirtíocht le gach duine atá i gceist, na fir iad féin san áireamh. Rinne sé cur síos ar conas tá Bord Sláinte an Iarthuaiscirt, a chlúdaíonn ceantar tuaithe den chuid is mó, tar éis tús a chur leis seo trí thaighde agus chomhairliúchán le fir, trí Phlean Gníomhaíochta Sláinte d'Fhir a fhorbairt agus trí thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí fear agus d'fheachtais sláinte fear. Mhol sé go bhforbrófaí polasaí chun aghaidh a thabhairt ar shláinte fear tuaithe.

Sa phlé a rinneadh ina dhiaidh sin, agus Eamon Donnelly sa chathaoir, luaigh na rannpháirtithe an easpa fócais ar shláinte daoine aosta, an gá go nglacfadh fir níos mó freagrachta as a sláinte, an baol leithlise sóisialta a bhíonn os comhair cuid mhaith fear nuair a théann siad ar scor agus/nó nuair a fhaigheann bean nó páirtnéir bás, an drogall a bhíonn ar go leor fear aosta freastal ar chlubanna agus grúpaí agus na fadhbanna a bhíonn os comhair fhear tuaithe agus é ag rochtain seirbhísí sláinte, a dhéantar níos measa de bharr easpa iompair phoiblí agus an chostas a bhaineann le carr a choinneáil. Shainaithin na rannpháirtithe na príomhdhúshláin mar easpa eolais ar cheisteanna sláinte fear, an líon teoranta clár feasachta sláinte atá dírithe ar fhir agus leithlis go leor fear aosta ón teaghlach agus ón tsochaí. Rinneadh roinnt moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo, ar a n-áirítear eolas i dtaca le ceisteanna fear a chur ar fáil san ionad oibre, líon níos mó d'fheachtais cur chun cinn sláinte a bheadh dírithe ar fhir a chur ar siúl agus gníomhaíochtaí a fhorbairt i gclubanna agus ionaid a spreagfadh fir chun freastail.

I gCeardlann a Ceathair 'Older Women, Including Those Living Alone', shainaithin Geraldine Luddy ceithre réimse buartha i dtaca le sláinte mná aosta: an méadú ar líon na ndaoine aosta sa daonra, an coibhneas níos mó de na mná aosta i gcomórtas le fir aosta, bochtaineacht agus sláinte. Ansin rinne Geraldine moltaí i dtaca leis na réimsí seachadta seirbhísí sláinte, forbairt phearsanta agus phobail, polasaí agus reachtaíocht agus fáisnéis.

Mhínigh Louise Richardson ina páipéar conas a oibríonn Líonra na mBan Aosta agus rianaigh sí na ceisteanna sláinte a chuireann na baill go minic. Baineann siad seo le sláinte meabhrach, seirbhísí cúram pobail, scagadh agus scrúduithe sláinte Well Woman, cúram baile a chur ar bun, agus bainteacht na mban le díospóireachtaí ar cheisteanna a bhaineann leo, ar a n-áirítear ginmhilleadh agus HIV/AIDS go sonrach agus míchothroime sláinte i gcoitinne. Chuir sí síos ar ábhar na n-aighneachtaí a rinne an Líonra don *Dréachtphlean Náisiúnta do Mhná* agus don *Straitéis Náisiúnta Fhrithbhochtaineachta*.

Sa phlé ina dhiaidh sin, agus Mary Kelly sa chathaoir, tháinig dhá phríomhchéist chun tosaigh: rochtain ar sheirbhísí sláinte agus oiriúnacht freagra na seirbhíse. Breathnaíodh ar iompar mar eochair don rochtain ar sheirbhísí, go mór mór i gceantair tuaithe. Shainaithin rannpháirtithe go raibh tábhacht ag roinnt le gnéithe eile den rochtain, ar a n-áirítear rochtain ar eolas, ar thithíocht oiriúnach agus inoiriúnaithe, agus ar chúram sláinte príomhúil agus tánaisteach. Moladh go raibh gá le hathruithe i bpolasaí sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh bunriachtanas le comhoibriú agus comhordú idir earnálacha agus idir ranna Rialtais. Tugadh faoi deara leitheadúlacht an aosachais agus an ról atá aici mar chosc ar chúram sláinte. Chun aghaidh a thabhairt air sin, moladh réitigh 'ón mbarr anuas' agus 'ón mbun aníos', ar a n-áirítear oiliúint do phroifisiúnaithe cúram sláinte agus tógáil muiníne do dhaoine aosta. Chuir na rannpháirtithe in iúl an gá go dtuigfeadh luch ceaptha polasaí agus na soláthróirí seirbhísí gur grúpa ilchineálach iad mná aosta agus gur ghá go gcuirfeadh soláthar cúram sláinte é sin san áireamh.

I gCeardlann a Cúig 'Older People in Deprived Economic Circumstances', chuir Helen Johnson síos ar an nasc atá idir bochtaineacht agus drochshláinte agus an gá le aghaidh a thabhairt ar an gceist. Dúirt sí cé go bhfuil coibhneas na ndaoiune aosta in Éirinn atá bocht go comhsheasmhach ag dul i laghad, go bhfuil an cóimheas a bhfuil bochtaineacht choibhneasta ioncaim ag cur as dóibh ag dul i méid. Dúirt sí freisin go bhfuil mná aosta soghonta go háirithe ag bochtaineacht ioncaim. Rianaigh sí na freagraí polasaí ba ghá agus d'aibhsigh réimsí le haghaidh gníomhaíochta. Orthu seo tá soláthar poiblí seirbhísí, grúpaí soghonta daoine aosta, agus an comhéadan sláinte agus bochtaineachta.

Rinne Audry Deane cur síos ar obair Naomh Uinseann de Pól. Rianaigh sí na fadhbanna a nochtann a chuid oibre le daoine aosta. Orthu sin tá fianaise ar mhíchothroimí sláinte, uireasacht ioncaim, bochtaineacht bhreosla agus easpa feasachta agus eolais maidir le teidlíochtaí. D'éiligh sí gníomhaíocht ar mhaithe le athrú a dhéanamh ar chóras sláinte a ghoineann grúpaí soghonta ar a n-áirítear daoine aosta.

Sa phlé ina dhiaidh sin, agus Siobhan Weir sa chathaoir, luadh siad an tábhacht a bhaineann le aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan sláinte-bochtaineachta. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh gá leis na pleananna atá ann a chur i ngníomh agus le aghaidh a thabhairt ar cheist ioncaim, atá seasta i gcoinne costais atá ag dul in airde, a chuireann isteach ar go leor daoine aosta. Moladh go ndéanfaí aithbhreithniú ar theidlíochtaí neamhrannaíocha agus daoine fásta. Dúradh go mba chóir cur chuige ceartabhunaithe do chúram sláinte a chur i bhfeidhm, le cinntiú go bhfaigheann daoine aosta an cúram a bhfuil gá acu leis mar cheart seachas ar bhonn an méid atá siad in ann a íoc.

I gCeardlann a Sé 'Older Travellers', rianaigh Missie Collins, Molly Collins, Sheila Reilly agus Caroline Mullen stádas sláinte an Lucht Siúil agus rinne cur síos ar na tosca a chuireann isteach air. Orthu sin áirítear cóiríocht, ciníochas agus leatrom, agus rochtain ar sheirbhísí sláinte. Chuir siad síos ar obair atá déanta ag Pavee Point i gcomhpháirt leis an Lucht Siúil agus le Bord Sláinte an Cheantair Thuaidh tríd an Tionscadal um Chúram Sláinte Príomhúil don Lucht Siúil. Faoi láthair tá 16 ball den Lucht Siúil oilte agus ag obair mar Oibrithe Sláinte Pobail i gceantar cúram pobail i mBaile Átha Cliath. Tá tionscadail chomhchosúla á gcur ar bun ar fud na hÉireann. Shainaithin na cainteoirí gurb é an príomhdhúshlan ná stádas sláinte an Lucht Siúil a fheabhsú. Chun é sin a dhéanamh, is gá cúram sláinte iomchuí ó thaobh cultúir de a sholáthar i measc rudaí eile maraon leis an deis don Lucht Siúil páirt a ghlacadh i bpolasaí seirbhíse sláinte, pleanáil agus seachadadh.

Sa phlé ina dhiaidh sin, agus Thomas McCann sa chathaoir, luadh siad an gá le gníomhaíocht dheimhneach le cur in aghaidh leatrom na mblianta i gcoinne an Lucht Siúil. Aontaíodh go raibh gá le plean a chur i ngníomh le sláinte an Lucht Siúil a fheabhsú agus go mba chóir dul i gcomhairle leis an Lucht Siúil agus lena gcuid eagraíochtaí le linn don phlean a bheith á fhorbairt. Thuig rannpháirtithe an gá le seirbhísí cúram sláinte a bheadh dírithe agus ag an am céanna leis na gnáthsheirbhísí sláinte don Lucht Siúil, ar a n-áirítear seirbhísí le haghaidh sainghrúpaí ar nós daoine aosta den Lucht Siúil. D'aontaigh rannpháirtithe freisin go bhfuil gá le heolas ar shláinte an Lucht Siúil a bhailiú atá cothrom le dáta agus anailís a dhéanamh air.

I gCeardlann a Seacht, 'Older People in Deprived Housing Circumstances', scrúdaigh Lillian Buchanan ceist an mhíbhuntáiste maidir le tithíocht i measc daoine aosta, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí san earnáil phríomháideach cíosa. Thug sí faoi deara go bhfuil méid teoranta eolais ar fáil ar stádas tithíochta agus ar choinníollacha mhaireachtála dhaoine aosta, nó ar an méid a gcuireann tithíocht le nó a mbaineann sí de chaighdeán a mbeatha. Rianaigh sí na hábhair bhuartha a bhíonn ag daoine aosta: daingneacht tionachta; caighdeán na cóiríochta agus a hoiriúnacht de réir mar a théann duine in aois; agus inacmhainneacht. Chuir sí síos go hachomair ar cad is is gá a fháil ó leasú polasaí tithíochta le tabhairt faoi seo. Ar deireadh, dúirt sí gur bunriachtanas é teach oiriúnach do dhea-bhail agus rannpháirtíocht éifeachtach sa tsochaí.

Chuir Charles Roarty síos ar obair Energy Action agus ar cad is ciall le bochtaineacht bhreosla, an tionchar a imríonn sí ar shláinte agus dea-bhail, agus conas iad atá i mbaol aici a shainaithint. Leag sé béim ar an ngá le aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb ar roinnt leibhéal: trí théamh, insliú agus córais aerálá a fheabhsú; trí eolas ar éifeachtacht fhuinnimh a chur ar fáil; agus trína chinntiú go bhfaigheann daoine na sochair a bhfuil ceart acu orthu. Dúirt sé gur táscaire ar bhochtaineacht bhreosla go minic é gannáitiú teaghaise, ach gur deacair tabhairt faoi toisc gur leasc le daoine aosta bogadh nó nach bhfuil siad in ann é sin a dhéanamh.

Sa phlé ina dhiaidh sin, agus an tSr Stanislaus Kennedy sa chathaoir, d'aontaigh na rannpháirtithe faoin tábhacht a bhaineann le cur ar chumas daoine aosta fanacht ina dtithe féin chomh fada agus is féidir. Ar na moltaí a rinneadh chun é sin a bhaint amach bhí cóiríocht oiriúnach a sholáthar, tacaíocht d'oiriúnú cóiríochta chun í a choinneáil oiriúnach, agus infhaighteacht cóiríochta tacaithe nó cóiríocht do dhaoine éislinneacha laistigh den phobal áitiúil. Luaigh rannpháirtithe easpa eolais ar chearta agus teidlíochtaí a bhí soiléir agus inrochtana i dtaca le tithíocht, agus mhol siad go gcuirfí áisínteacht tithíochta tiománta ar bun chun aghaidh a thabhairt air seo. Luadh an drochleibhéal comhordaithe, comhoibrithe agus comhtháite idir áisínteachtaí agus ranna a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine aosta. Chun é sin a cheartú, moladh go gcuirfí cur chuige bainistíochta cháschúraim ar bun i gcomhair riachtanais dhaoine aosta.

I gCeardlann a hOcht 'Older Carers', agus Enda Egan sa chathaoir, chuir Brigid Barron síos ar bhunú agus ról Clinic Cúramóirí in Inis, Co. an Chláir. Tá mar sprioc aige a chinntiú trí mheán comhairliúcháin duine-le-duine go gcuireann cúramóirí teaghlaigh isteach ar na seirbhísí agus sochair a bhfuil siad i dteideal a fháil agus go bhfaigheann siad iad. Luaigh sí go n-éilítear go minic go gcuirfí tuilleadh faisnéise ar fáil do dhaoine aosta. Ach dúirt sí go gcuirfeadh taithí an Chlinic i dtuiscint gurb é a bhfuil gá leis dáiríre ná go mhíneodh duine éigin ar bhonn duine-le-duine cad a chiallaíonn an fhaisnéis don duine aosta sin. Chuir Brigid síos chomh maith ar sheirbhísí eile an Chlinic, ar a n-áirítear comhairle agus abhcóideacht maidir le cúram faoisimh baile, riaradh ciste do chúram faoisimh agus oiliúint do chúramóirí. D'éiligh sí go gcuirfí seirbhísí comhchosúla ar fáil do gach cúramóir aosta ar fud na tíre.

Rianaigh Michael Browne ina pháipéar na saincheisteanna a bhíonn os comhair go leor cúramóirí aosta. Luaigh sé cé go bhfuil líon na ndaoine a bhfuil gá acu le cúram ag dul i méid, go bhfuil taisce na gcúramóirí ag dul i laghad. Thug sé tuairisc go hachomair ar chinní ó dhá thuarascáil: *Supporting Carers – A Social Policy Report* (Comhairle, 2002) agus *Caring in Later Life* (University of Kent/Help the Aged, 2001). Dúirt sé go bhfuil eolas teoranta ar thaithí chúramóirí aosta agus eolas teoranta faoina riachtanais shonracha. Is aonchúramóirí iad cuid mhaith díobh, fulaingíonn go leor leithlis shóisialta agus mhothúcháin, agus bíonn fadhbanna sláinte ag a lán díobh. Rinne sé moltaí i dtaca leis na

seirbhísí a bhfuil gá ag cúramóirí aosta leo, ar a n-áiritear pacáistí cúram tacaíochta baile, seirbhísí tacaíochta pearsanta, seirbhísí faoisimh bunaithe ar riachtanais agus breis tacaíochta ioncaim dóibh siúd a sholáthraíonn an leibhéal is airde cúraim. Mhol sé freisin go ndéanfaí scrúdú ar an gcoincheap Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí, a mbeadh spriocanna d'fhorbairt seirbhísí agus plean do chomhordú seirbhísí tacaíochta san áireamh ann.

Sa phlé ina dhiaidh sin d'aontaigh na rannpháirtithe go gcaithfidh na córais sláinte agus proifisiúnaithe sláinte chúramóirí a aithint, agus go gcaithfear seirbhísí a chuirtear ar fáil ar bhonn dírialta a dhéanamh éigeantach. Mhol siad go ndéanfaí taighde chun riachtanais chúramóirí a shainaithint agus a thuiscint, agus go háirithe cúramóirí aosta agus go mbunófaí Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí Teaghlaigh chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais chúramóirí ar fud na tíre.

Seisiún Deiridh

Sa Seisiún Deiridh, agus an Comh. Éibhlin Byrne sa chathaoir, chuir Ann Marie Cross léiriú Age Rage de *Ageing with Confidence* i láthair. D'inis sí conas a tháinig an dráma as taithí mná Dhún na nGall ar aosachas agus leatrom. Cuireann an dráma beocht i mórán de na saincheisteanna a bhíonn os comhair daoine aosta, go háirithe iad siúd a chónaíonn i gceantair tuaithe, ar a n-áirítear rochtain ar iompar, cúram sláinte, cúramóirí agus cúram, collaíocht chomh maith le haosachas agus leatrom.

Ina aitheasc deiridh, d'admhaigh Ivor Callely TD, Aire Seirbhísí do Dhaoine Aosta an tábhacht a bhaineann le haosú sláintiúil agus leag sé béim ar thiomantas a Roinne do chur chun cinn na sláinte agus do chur ina luí ar phroifisiúnaithe sláinte agus don tsochaí i gcoitinne na buntáistí a bhaineann léi. Chuir sé fáilte roimh sheoladh Bunachar Sonraí um Aosú Sláintiúil agus na tuarascála, *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation*, agus d'admhaigh sé go mba ghléasanna áisiúla iad chun líonra náisiúnta um aosú sláintiúil a thógáil. Ach dúirt sé go raibh dúshláin le sárú chun 'tríú haois' sláintiúil a bhaint amach do chách. Chuir sé síos ar bhunú an Ghrúpa Idir-rannaigh ar Riachtanais Daoine Aosta agus mhínigh sé go bhfuil mar sprioc aige riachtanais daoine aosta a scrúdú, cad a théann i bhfeidhm ar a saol agus conas tabhairt fúthu seo ar bhealach comhordaithe. Rinne sé comhgháirdeas leis an NCAOP agus le gach duine a raibh baint acu le tionscadail aosaithe sláintiúil i ngeall ar an dul chun cinn a bhí déanta ar mhaithe le Líonra Náisiúnta um Aosú Sláintiúil.

Aighneachtaí

Aighneacht do Rúnaí Ginearálta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir leis an Deontas Tithíochta do Dhaoine Míchumasaithe

Ina haighneacht do Rúnaí Ginearálta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir leis an Deontas Tithíochta do Dhaoine Míchumasaithe, léirigh an Chomhairle a himní i dtaca le gnéithe sonracha d'oibriú na scéime. Rinne an aighneacht raon moltaí a raibh mar aidhm acu feabhas a chur ar oibriú agus seachadadh an Deontais, arb é ceann de roinnt tacaí airgeadais é atá ceaptha le cuidiú le daoine aosta le míchumais leanúint ag maireachtáil go sócúil ina dtithe féin. Sa chomhthéacs seo cuimsíonn duine le míchumas duine aosta atá ag fulaingt le hairtríteas nó nach bhfuil in ann siúl suas staighre. Ar na hoibreacha a d'fhéadfadh cáiliú tá, seomra breise a thógáil, seomra folctha nó leithreas thíos staighre a sholáthar, rampaí nó leathnú ar oscailtí dorais a chur ar fáil. Go dtí seo, tá oiriúnú déanta ar na mílte teach in Éirinn le cur ar chumas daoine aosta míchumasaithe maireachtáil go neamhspleách agus tá an t-éileamh ar na deontais sin ag dul i méid i measc daoine aosta.

D'aibhsigh an Chomhairle roinnt deacrachtaí maidir le hoibriú na scéime faoi láthair. Ar an gcéad dul síos, tá sé curtha in iúl go bhfuil fadhbanna suntasacha os comhair daoine aosta á rochtain i ngeall ar chiorruithe buiséadacha. Agus toisc gur tharla athruithe in oibriú na scéime i gceantair áirithe rialtais áitiúil, léirigh an Chomhairle imní go bhféadfadh sé seo cur isteach ar shaol dhaoine aosta, a gcuid cúramóirí agus ar na struchtúir tacaíochta laistigh den phobal.

Faoi láthair, cuireann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil páirtmhaoiniú ar fáil don scéim. Ach ní thagann an maoiniú seo go bliantúil agus sa ghnáthchúrsa, agus níl aon dualgas ar na húdaráis áitiúla cur isteach ar mhaoiniú ón Roinn. Dá bhrí sin, mhol an Chomhairle ina haighneacht go mbeadh aithbhreithniú i dtosach ar na socruithe maoinithe idir an Roinn agus na húdaráis áitiúla. Lena chois sin, mhol sí go mbeadh dualgas ar na húdaráis áitiúla soláthar a dhéanamh gach bliain chun an Deontas a mhaoiniú ina n-iarratais bhliantúla bhuiséadacha don Roinn. Mhol an Chomhairle chomh maith go léireofaí an t-éileamh méadaithe ar an Deontas sa bhuiséad a bheadh leithdháilte d'údaráis áitiúla agus i dtiomantas méadaithe ag údaráis áitiúla d'iarratasóirí acmhainneacha a chur ar an eolas faoin scéim.

Chuir an Chomhairle in iúl go bhfuil uasfhigiúr ar féidir a éileamh ó na húdaráis áitiúla ar oiriúnuithe baile agus go leithdháiltear céatadáin dhifriúla den uasfhigiúr ar féidir a éileamh, ag brath ar thionacht tithíochta an iarratasóra. Mar sin féin, éilíonn formhór na n-údarás áitiúil go gcaithfidh daoine aosta an difríocht idir an bhuaicmhéid agus an céatadán ceadaithe a íoc as a gcuid airgid féin. I ngeall ar na leibhéil ísle ioncaim a bhíonn ag daoine aosta, mhol an Chomairle go mbunófaí an scéim ar theidlíocht reachtúil a chinntíonn lánmhaoiniú.

Is beag comhsheasmhacht atá sa tslí ina riarann údaráis áitiúla éagsúla an scéim, agus bíonn difríochtaí móra idir caighdeáin agus próisis ó údarás áitiúil amháin go ceann eile. Is cosúil go bhfuil athruithe maidir leis na cineálacha oiriúnaithe a mhaoineoidh údaráis áitiúla, agus tá an próiseas iarratais scoilte idir Ranna Rialtais agus cleachtas poiblí agus príomháideach. Mhol an Chomhairle go nglacfadh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ról níos treoraí le cinntiú go gcuireann gach údarás áitiúil isteach ar an Deontas agus go riarann siad é ar bhealach comhsheasmhach agus trédhearcach ar fud na tíre. Leag sí béim freisin ar an ngá le pointe cóimheasa a bheith ag eiseamláirí an dea-chleachtais is fearr i gcur i ngníomh na seirbhísí agus go gcuirfí i bhfeidhm iad go náisiúnta.

Tá easpa comhsheasmhachta freisin idir ceantair údaráis áitiúil i dtaca le critéir incháilitheachta don Deontas. Mar shampla, ní féidir le daoine aosta atá ina gcónaí i gcineálacha áirithe cóiríochta cur isteach air. Chomh maith leis sin, tá tionóntaí údaráis áitiúil i dteideal 100 faoin gcéad de chostas na hoibre chun a dteach a oiriúnú a éileamh agus nach bhfuil úinéir/sealbhóir aosta singil de theaghais a mba le húdarás áitiúil roimhe sin í i dteideal ach 60 faoin gcéad de chostas na hoibre a fháil. I bhfianaise na neamh-chomhsheasmhachta sin maidir le hincháilitheacht, mhol an Chomhairle go dtabharfaí rochtain chothrom ar an Deontas do gach duine aosta gan bacadh le socruithe maireachtála.

Tá fianaise ann freisin a thabharfadh le tuiscint go bhfuil an scéim curtha ar fionraí ag roinnt údarás áitiúil agus go bhfuil tástáil acmhainne agus liostaí tosaíochta tugtha isteach ag roinnt eile d'fhonn costais a laghdú. Sa chomhthéacs sin, mhol an Chomhairle go n-úsáidfí an tAcht Comhionannais Stádais (2000) le córas níos cothroime a chinntiú a bheadh bunaithe ar riachtanais fheidhmiúcháin an duine mhíchumasaithe. Lena chois sin, mhol an Chomhairle nach mbeadh tástáil acmhainne agus tosaíochtú ina gcúis le bac a chur ar iarratasóiri meánioncaim an Deontas a fháil.

Maidir leis na deacrachtaí leis an bpróiseas iarratais a tuairiscíodh, mhol an Chomhairle go mbeadh an próiseas trédhearcach agus go ndéanfaí treoirlínte náisiúnta d'oibriú an Deontais a chomhlánú le treoirlínte iarratais caighdeánaithe le cinntiú go bhfuil daoine aosta eolach ar a gcuid ceart, teidlíochtaí agus freagrachtaí. Ba chóir iarratasóirí a choinneáil ar an eolas go soiléir maidir le chomh fada agus a thógfaidh an próiseas iarratais.

Ar deireadh, thacaigh an Chomhairle leis an moladh a rinne an tÚdarás Comhionannais in 2002 go mbunófaí córas achomhairc a bheadh trédhearcach, neamhspleách agus áisiúil don úsáidire. Mhol sí go mbunófaí áisínteacht tacaíochta nó oifigeach ainmnithe laistigh de gach údarás áitiúil a d'fheidhmeodh mar phointe tadhaill do dhaoine a bheadh ag lorg cabhrach nó comhairle. Mhol sí freisin go mbeadh an comhlacht achomhairc neamhspleách ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ar údaráis áitiúla.

Aighneacht do Transportation Planning (International) Ltd maidir le hEiseamláirí den Chleachtas Is Fearr i Soláthar Seirbhís Tacsaí Inrochtana do Dhaoine le Míchumais Fhisiceacha agus Chéadfacha

Agus í ag cur fáilte roimh an deis le páirt a ghlacadh i bhfeabhsú na seirbhíse tacsaí atá le fáil ag daoine aosta in Éirinn, chuir an Chomhairle in iúl ina haighneacht do Transportation Planning (International) Ltd gur thuig sí an gá a bhí le seirbhís iompair phoiblí a bheadh comhtháite, costéifeachtach, sábháilte agus inrochtana, agus luaigh sí go raibh a cuid cúraimí agus moltaí mar chuid de roinnt tuarascálacha de chuid na Comhairle roimhe sin.

Agus í á lua nach bhfuil rochtain ar fheithicil ag cion mór daoine agus go mbíonn siad ag brath ar sheirbhís iompair phoiblí chomhtháite, dúirt an aighneacht go n-imríonn an tseirbhís tacsaí ról bunriachtanach i ngeall ar an tsolúbthacht a thugann sí. Go deimhin, is í an t-aon bhealach inmharthana iompair ag an-chuid daoine le soghluaisteacht laghdaithe.

Ní bhíonn mar ioncam ag go leor daoine aosta ach pinsean, agus mar thoradh ar sin, áirítear an-chuid daoine aosta a bheith ar ioncam íseal. Léirítear an dolúbthacht airgeadais seo sa rogha a dhéanann daoine aosta maidir le líon na ngeábhanna a thugtar gach seachtain agus sa rogha iompair a thógtar. D'athluaigh an Chomhairle a tuairim nár cheart leatrom a dhéanamh ar dhaoine aosta toisc go mb'fhéidir go bhfuil siad ar ioncam íseal. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh an tsolúbthacht chéanna agus saoirse rogha ag daoine aosta agus iompar á fháil acu agus atá ag an gcuid eile den phobal taistil.

Mhol an Chomhairle freisin go mbeadh páirt ag daoine aosta sa phróiseas comhairliúcháin agus aischothaithe. Tá sé seo ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh an tseirbhís tacsaí oiriúnach agus inrochtana ag gach duine. Mhol sí freisin go gcuirfí nós imeachta soiléir clamhsáin ar bun a bheadh comhsheasmhach le polasaithe oibreoirí iompair phoiblí eile.

Mhol an Chomhairle chomh maith go ndéanfaí cúrsaí creidiúnaithe oiliúna agus ionduchtúcháin a dhearadh le hionchur ó dhaoine aosta agus ó ghrúpaí míchumais, ó oifigigh cheadúnúcháin údaráis áitiúil agus ó ghrúpaí comhionannais. Ba chóir go dtaispeánfaí teastas a léiríonn an leibhéal oiliúna atá bainte amach ar an bhfeithicil chomh maith len é a bheith curtha isteach mar chuid d'ábhar fógraíochta agus poiblíochta. Sa chomhthéacs sin, ba chóir go ndéanfadh an t-údarás ceadúnúcháin cúrsaí bunleibhéil oiliúna agus ionduchtúcháin éigeantach. D'fhéadfaí cúrsa oiliúna mar sin a chomhtháthú le hoibreoirí iompair phoiblí eile d'fhonn comhsheasmhacht seirbhíse custaiméara agus oiliúna míchumais agus comhionannais a éascú.

Ar deireadh, is é dearcadh na Comhairle go mba chóir tiománaithe agus oibreoirí tacsaithe a spreagadh chun cloí le cód cleachtais a bheadh comhchosúil leis an gceann atá ceaptha ag Coiste Comhairleach Iompair Thuaisceart Éireann.

4. Tuiscint Níos Fearr ar Aosú agus ar Dhaoine Aosta a Chur Chun Cinn

Mar bhonn agus mar thaca faoi obair na Comhairle chun tuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta in Éirinn a chruthú, tá an t-aitheantas go gcaithfear faisnéis mhaith a thabhairt do gach earnáil den tsochaí faoi dhaoine aosta agus a gcúraimí má tá a leas sa todhchaí le bheith cinntithe. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh meas ag an tsochaí ar dhaoine aosta, ar a dtaithí agus ar an bpáirt atá ar a gcumas a ghlacadh. Ar an ábhar sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar cad a chiallaíonn sé nuair a dhéanann daoine tagairt 'd'fhadhb an aosaithe', chomh maith le conas a chumann dearcaí sóisialta agus polasaithe sóisialta agus eacnamaíocha an coincheap. Is gá go sonrach cur in aghaidh an aosachais sa phobal toisc go gcuireann sé teorainn le coinní dhaoine aosta agus a gcumas chun maireachtáil le dínit agus go neamhspleách. Is gá chomh maith cur in aghaidh steiréitíopaí diúltacha an aosachais agus daoine aosta a bhíonn ina gcúis go n-éiríonn siad as institiúidí sóisialta de gach saghas go róluath, an fórsa saothair san áireamh.

Féachann an Chomhairle le tuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta in Éirinn a chur chun cinn trí thuarascálacha a fhoilsiú agus trí fhaisnéis a chur ar fáil trí mheán raon bealaí, ar a n-áirítear comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí eile, chomh maith le láithreán gréasáin na Comhairle agus meáin eile.

Foilseacháin 2003

Le linn 2003, d'fhoilsigh an Chomhairle na tuarascálacha agus na foilseacháin seo a leanas:

- *The Role and Future Development of Day Services for Older People* (Report No. 74);
- *Annual Report 2002* (Report No. 75);
- *Directory of Healthy Ageing Information Resources for Older People* (Report No. 76);
- *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation* (Report No. 77).

Dáileadh Dea-mhéine

Ag teacht lena misean tuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta a chur chun cinn, tugadh faoi dháiltí dírithe de chóipeanna dea-mhéine de thuarascálacha de réir mar a foilsíodh iad i rith na bliana. Cuireadh tuarascálacha na Comhairle chuig irisí freisin le haghaidh léirmheasa. Ina theannta sin, rinneadh gach foilseachán a phreaseisiúint don phreas i gcoitinne agus do shainirisí roghnaithe.

Clár Imeachtaí 2003

Is cuma cé acu an ag díriú go príomha ar pholasaí nó ar fhorbairt seirbhísí a bhíonn siad, bíonn imeachtaí na Comhairle ar nós comhdhálacha, seimineár, seoltaí foilseachán agus taispeántas ceaptha le tuiscint níos fearr ar cheisteanna a mbaineann tábhacht leo do leas dhaoine aosta a chur chun cinn.

Imeachtaí

In 2003, bhí na himeachtaí seo ar siúl:

- comhdháil náisiúnta ar *The Role and Future Development of Day Services for Older People* in Ireland a tionóladh sa Tullamore Court Hotel, an Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí i mBealtaine 2003;
- *Healthy Ageing Conference 2003* a tionóladh ag an Burlington Hotel, Baile Átha Cliath i Samhain 2003;
- comhdháil náisiúnta ar *Quality Standards in Dementia Care* (i gcomhar le hIonad Faisnéise agus Forbartha na Seirbhísí *Dementia*, agus Cumann Alzheimer na hÉireann) ag an Gresham Royal Marine Hotel, Dún Laoghaire i mí na Nollag 2003.

Taispeántais

Chun a cuid oibre a chur chun cinn, chuir an Chomhairle seastáin faisnéise ar fáil ag imeachtaí agus taispeántais i gcaitheamh na bliana, ar a n-áirítear:

- an Taispeántas Over 50s, RDS, Baile Átha Cliath;
- seó bóthair pobail in Ionad Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath.

Seirbhísí Faisnéise

Chomh maith lena cláir fhoilseachán agus imeachtaí, lean an Chomhairle de thuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta a chur chun cinn trína seirbhísí faisnéise.

Iarratais ar Fhaisnéis

Le linn 2003, lean an Chomhairle dá seirbhís faisnéise chuimsitheach a chur ar fáil don phobal, agus tugadh freagra ar líon mór iarratas ar fhaisnéis a fuarthas trí mheán litreacha, fóin, faics agus r-phost. Tháinig na hiarratais ó raon leathan foinsí in Éirinn agus thar sáile: daoine aosta; soláthróirí agus pleanálaithe seirbhísí; proifisiúnaithe sláinte; iriseoirí; taighdeoirí agus pearsanra eile na meán; pearsanra in áisínteachtaí deonacha; agus neacha léinn ó gach leibhéal den chóras oideachais. Dáileadh go forleathan *A Brief Guide to the Work of the National Council on Ageing and Older People*, a rianaíonn stair, sainordú agus taighde na Comhairle, chomh maith le faisnéis ábhartha a dáileadh go forleathan ag taispeántais agus i gcomhthéacs sheirbhís faisnéise na Comhairle ó lá go lá.

Láithreán Gréasáin NCAOP

D'imir láithreán gréasáin na Comhairle **(www.ncaop.ie)** ról tábhachtach i gcónaí i scaipeadh faisnéis na Comhairle agus é ag cur sonraí i dtaca le tuarascálacha nua, comhdhálacha agus nuacht i gcoitinne maidir le haosú agus daoine aosta in Éirinn ar fáil. Chomh maith le hachoimrí ar thuarascálacha nua agus comhad fíricí, cuireadh foilseacháin a bhí as cló ar fáil ar an láithreán i rith na bliana. Ar úsáidirí rialta láithreán na Comhairle tá an lucht acadúil, soláthróirí seirbhísí, pleanálaithe, pearsanra ó áisínteachtaí deonacha, neacha léinn agus daoine aosta.

In 2003, thug an Chomhairle faoi iniúchadh inrochtana a dhéanamh ar an láithreán lena áisiúlacht do dhaoine le míchumais agus dóibh siúd atá ar bheagan eolais faoin Idirlíon a mheas. Bunaithe ar an iniúchadh sin, rinneadh uasghrádú chun caighdeán inrochtana idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Cinnteoidh sé sin go mbeidh seirbhísí agus faisnéis na Comhairle ar fáil go hiomlán agus inúsáidte ag an raon is leithne daoine. Tacaíonn sé le tionscnaimh rRialtais agus le polasaí poiblí maidir leis an tsochaí faisnéise.

Meáin Eile

Fógraí Aosachais

Ba thionscnamh úr don Chomhairle é in 2003 nuair a coimisiúnaíodh dhá fhógra fhíseáin a raibh téama frithaosachais acu. Taispeánadh iad ag seó bóthair pobail in Ionad Fhaiche Stiafna, Baile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2003 agus ag *2003 Healthy Ageing Conference* de chuid na Comhairle.



Forbairtí in 2003

Forbairtí in 2003

Forbairtí a Bhaineann le hIoncam Dhaoine Aosta

Fógraíodh roinnt sochar do dhaoine aosta a bhfuil baint acu le hioncam i mbuiséad 2003. Ardaíodh pinsin lán-ráta de €10 in aghaidh na seachtaine, agus arduithe i gcomhréir do phinsinéirí ranníocacha ar rátaí laghdaithe. Mar sin, in 2003, tháinig ardú go €157.30 in aghaidh na seachtaine ar an bPinsean Seanaoise Ranníocach, agus ba é an Pinsean Seanaoise Neamh-ranníocach ná €144.00. Fógraíodh ardú speisialta de €11 breise in aghaidh na seachtaine do bhaintreacha fir agus mná atá 66 bliain d'aois agus os a chionn atá ar phinsin ranníocacha agus do mhná atá ag fáil sochar do mhná thréigthe atá 66 bliain agus os a chionn. Tugadh €7 breise in aghaidh na seachtaine do bhaintreacha fir agus mná faoi aois 66 bliain agus do dhaoine a bhfuil pinsin bhreoiteachta á bhfáil acu agus atá faoi aois 65 bliain.

Fógraíodh ardú de €10 in aghaidh na seachtaine ar Liúntas na gCúramóirí do dhaoine atá 66 bliain d'aois agus os a chionn, agus €7 dóibh siúd faoi 66 bliain d'aois. I dtaca leis an tástáil acmhainne do Liúntas na gCúramóirí, bhí ardú ar an neamhaird ioncaim de €19 do dhaoine singil agus €38 do lánúineacha. Thug sé sin na neamhairdí ioncaim go €210 agus €420 faoi seach. Ardaíodh an Deontas Cúram Faoisimh de €100 go €735, agus tugadh deontas de €1,470 do chúramóirí a thugann aire do níos mó ná duine amháin. Bhíothas ag súil go mbainfeadh 4,500 duine leas as na hathruithe ar Liúntas na gCúramóirí. Lena chois sin, cháileoidh na hathruithe sna neamhairdí ioncaim 1,700 cúramóir nua don íocaíocht agus gheobhaidh 2,800 cúramóir atá ann faoi láthair íocaíocht mhéadaithe.

Tugadh ardú de €7 in aghaidh na seachtaine do dhaoine atá ag fáil Sochar Míthreorach agus do dhaoine atá ag fáil Sochar/Cúnamh Dífhostaíochta, Sochar/Líúntas Míchumais agus an Liúntas Réamh-Scoir. Ó Eanáir 2003, ardaíodh an neamhaird don fhorlíonadh úis chíosa/mhorgáiste de €13 in aghaidh na seachtaine go €23.

Cuireadh síneadh le saorscéimeanna do phinsinéirí faoi aois 70, a bhí ag fáil íocaíocht incháilithe, a bhfuil a c(h)éile/p(h)áirtnéir ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh agus ioncam iomlán an chéile/pháirtnéara níos lú ná €203.16.

Ardaíodh an tairseach cánach ioncaim dóibh siúd atá 65 bliain d'aois agus os a chionn ó €13,000 go €15,000 nó go €30,000 i gcás lánúine pósta. Méadaíodh an Deontas do Chluaisín Chúnta go €700. Cuireadh síneadh leis an liúntas saortheileafóin do dhaoine atá ina gcónaí i dtithe altranais agus a bhfuil cuntais teileafóin dá gcuid féin acu.

Chuir an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh in iúl freisin go mbeidh rud á dhéanamh aici maidir le raon de cheisteanna a bhaineann le daoine aosta, ar a n-áirítear bochtaineacht bhreosla, maoiniú le haghaidh ghléasanna míochaine, iompar tuaithe agus síneadh a chur leis an liúntas d'oileánaigh.

Faigheann Baintreacha Ús ar Lacáistí Cánach

Tar éis leasú don *Acht Airgeadais* (2003), a tugadh isteach i mí an Mhárta, fógraíodh go bhfaigheadh baintreacha ar dhiúltaigh na Coimisinéirí Ioncaim ús ar lacáistí cánach dóibh, íocaíochtaí aisbhreathnaitheacha. Bhain breis agus 1,000 baintreach ar thug an tOmbudsman a gcásanna chun solais leas as na bearta nua, a ligeann do na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí treoirnaisc a dhéanamh i ngeall ar 'chumhacht ceannaigh a cailleadh' do na baintreacha go léir atá i gceist. Rinneadh na híocaíochtaí ar bhonn *ex gratia* eisceachtúil.

Rabhaidh maidir le hInbhuaine Scéimeanna Pinsin Stáit sa Todhchaí

Ag labhairt dó i mBaile Átha Cliath ag cruinniú den Chumann Pinsin Domhanda, thug Richard Hinz, comhairleoir don Bhanc Domhanda, rabhadh go gciallódh athruithe déimeagrafacha go gcaithfí pinsin stáit i roinnt tíortha a laghdú dá leath nó aois an phinsin a ardú de suas le deich mbliana chun go mbeadh na córais reatha inmharthana ó thaobh airgeadais de ar an bhfadtéarma. Agus í ag labhairt ag an gcomhdháil chéanna, dúirt an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, toisc go raibh pobal níos óige ag Éirinn ná ag stáit eile den AE, nár chiallaigh sé sin go raibh sí díolmhaithe ó na dúshláin a bhaineann le pinsin atá os comhair thíortha eile. Dúirt sí freisin gur chiallaigh an phróifíl íseal-aoise i gcoibhneasta a bhaineann le scéimeanna pinsin in Éirinn go mbeadh am acu teacht chucu féin as a gcaillteanais sula mbeadh orthu a gcuid dliteanas a íoc. Agus cistí pinsin bainistithe in Éirinn ag cailleadh 18.9 faoin gcéad dá luach in 2002, dúirt an tAire gur thug na caillteanais a tharla i gcaitheamh na dtrí bliana roimhe sin fócas gearrthéarma ar infheistíocht fhadtéarma.

I lár Dheireadh Fómhair, sheol an Bord Pinsean mórfheachtas fógraíochta ag iarraidh a chur ina luí ar oibrithe gan pinsean príomháideach gan bheith ag brath ar an Stát amháin i gcomhair ioncam scoir. Ghríosaigh an feachtas a chosain €50,000 agus a bhí maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, daoine chun 'smaoineamh ar an lá amárach inniu' trí phinsean a thógáil. Bhí sé ceaptha le cur ina luí ar thart ar 850,000 duine nach bhfuil pinsean acu é sin a dhéanamh. Faoi láthair, tá pinsean príomháideach ag timpeall 50 faoin gcéad de na hoibrithe, ach táthar ag súil gur féidir an figiúr a ardú go 70 faoin gcéad de na hoibrithe faoin mbliain 2006.

Seoladh na Tuarascála ar Mhaoiniú do Chúram Fadtéarma sa Todhchaí

Tiocfaidh ardú de 60 faoin gcéad beagnach thar na deich mbliana seo chugainn ar an gcostas a bhaineann le cúram fadtéarma a sholáthar, de réir thuarascála a choimisiúnaigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Deir an Tuarascáil, *The Future Financing of Long-Term Care in Ireland*, a rinne Mercer Consulting, nach féidir glacadh leis a thuilleadh go soláthróidh baill teaghlaigh cúram neamhfhoirmiúil agus chun go seasfaidh cúram neamhfhoirmiúil mar bhunchloch an tsoláthair chúram baile, go dteastódh tacaíocht níos forleithne dóibh siúd a thugann cúram teaghlaigh.

Mhol an tuarascáil go mbeadh teidlíocht reachtúil ag daoine aosta ar chúram baile mar chomhpháirt d'aon straitéis sa todhchaí chun laghdú a dhéanamh ar an líon a mbeidh gá acu le 'leas neamhriachtanach' a bhaint as cúram altranais baile. Luaigh sí freisin 'nár chóir go gcuirfí acmhainní breise do chúram altranais-baile ar fáil a bhainfeadh de na hacmhainní le haghaidh rogha de chúram baile' ar cheart, a dúirt sí, a spreagadh gach áit ar féidir. Mhol sí go ndéanfaí dearbháin a thairiscint dóibh siúd a bhfuil gá acu le cúram ionas go mbeadh 'solúbthacht iomlán' ann chun seirbhísí a cheannach nó go dtabharfaí rogha dóibh idir seirbhísí agus airgead. Leag siad béim ar an ríthábhacht a bhaineann le bonn a thabhairt isteach a bheadh oibiachtúil, neamhspleách, cuimsitheach agus comhsheasmhach go náisiúnta chun teidlíocht an duine aonair a mheas.

Mheas an tuarascáil go raibh 84,000 duine aosta ar fad a raibh gá acu le cúram den léibhéal measartha nó ardleibhéal, nó 19.5 faoin gcéad dóibh siúd le haois 65 bliain nó os a chionn. Meastar go dtiocfaidh ardú ar líon na ndaoine a bhfuil gá acu le cúram den leibhéal measartha nó ardleibhéal ón bhfigiúr reatha de 77,500 go 150,400 faoi 2051. Meastar go dtiocfaidh ardú mór ar chostais chúram cónaithe ó €277 milliún in 2001 go €421 milliún faoi 2011 i dtéarmaí caiteachais, go dtiocfaidh ardú ar chostas foriomlán cúraim ó €513 milliún go €779 milliún faoi 2011. Faoi 2021, mheas an tuarascáil go mbeidh gá le €1,184 milliún (praghasanna 2001) le costais chúraim fadtéarmaigh a chlúdach.

Aithbhreithniú ar an Scéim Fhóirdheontais do Thithe Altranais

Éilíonn aithbhreithniú mór ar an Scéim Fhóirdheontais do Thithe Altranais, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2003, eiseamláir do mhaoiniú chúraim fhadtéarma a roghnódh cúram baile thar cúram cónaithe, agus é mar aidhm aici daoine a choinneáil amach as na tithe altranais agus iad a bheith sa phobal. Mhol an t-aithbhreithniú go raibh gá ag an gcóras reatha fóirdheontais do chúram fadchónaithe i dtithe altranais príomháideacha le leasú agus go mba chóir é a bheith mar chuid de straitéis níos leithne chun daoine aosta a choinneáil amach as gach cineál cúram fadchónaithe. Mhol sé go mba chóir scéim fhóirdheontais phobalbhunaithe a bheith ina dlúthchúid d'aon straitéis nua le haghaidh na ndaoine aosta is soghonta atá ina gcónaí sa bhaile.

Tuarascáil ar Chaighdeán na Beatha in Ionaid Chúraim Fhadtéarmaigh

I nDeireadh Fómhair 2003, d'fhoilsigh Age and Opportunity tuarascáil nua ar chaighdeán na beatha in ionaid chúraim, dar teideal *Home from Home? The Views of Residents on Social Gain and Quality of Life*. Dhírigh an tuarascáil ar cheisteanna ar nós cad a cheap na cónaitheoirí faoi chaighdeán a mbeatha. Le linn an staidéir, chuir na taighdeoirí agallamh ar 31 duine aosta a bhí tar éis bogadh isteach i gcúram cónaithe le linn an dá bhliain roimhe sin. Shainaithin siad ocht réimse a chuidíonn le caighdeán na beatha in ionaid chúraim: comrádaíocht; céannacht phearsanta agus príomháideachas; céannacht ghrúpa agus bheith i do chuid den phobal áitiúil; bheith bainteach le gníomhaíocht chiallmhar; teagmháil le teaghlach agus cairde; an mothú go bhfuil cúram á thabhairt dóibh; ag mothú sábháilte agus slán agus rochtain ar chleachtadh creidimh. Sainaithníodh dhá réimse agus nuair a luaigh na cónaitheoirí iad ní raibh ach tionchar diúltach acu: cailleadh smachta agus rogha agus cailleadh inniúlachta feidhmí.

Chinn an staidéar freisin go raibh dearcadh níos dearfaí ar an saol sa teach altranais ag na daoine sin a rinne cinneadh nó a raibh páirt acu sa chinneadh dul isteach in ionaid chúraim ná iad siúd nach ndearna.

Leithlis Shóisialta i measc Fir Aosta

Go luath in 2003, shainaithin suirbhé a rinneadh ar fhir aosta shingil dianleithlis agus mothúcháin éadóchasacha, dúlagar agus smaointe féinmharaithe mar mhórfhadhbanna. Chinn an suirbhé cáilíochtúil, a rinne baill de ghrúpaí pobail sa Daingean agus Dóchas Gníomhghrúpa d'Fhir an Daingin, gur chuidigh easpa iompair, drochthithíocht, agus struchtúir fhostaíochta agus shóisialta athraitheacha leis na mothúcháin fhéinmheasa agus eisiaimh a bhí ar na fir aosta sa phobal. Ar na tosca a aithníodh sa suirbhé a chuidigh le leithlis bhí dúnadh na huachtarlainne áitiúla, gréasán iompair phoiblí teoranta agus meath na fostaíochta traidisiúnta, ar nós na hiascaireachta. Is beag fear aosta a rinne freastal ar chruinnithe, imeachtaí spóirt ná an séipéal go rialta, i ngeall ar easpa airgid go mór mhór, agus thug níos lú ná a leath cuairt ar a gcomharsana go rialta. Thuairisc timpeall 23 faoin gcéad mothúcháin dúlagair, fhéinmharaithe agus chuir roinnt in iúl go ndearna siad iarracht go fíor lámh a chur ina mbás féin.

Féinmharú i measc Daoine os Cionn 65 Bliain in Éirinn

De réir na bhfigiúirí a d'eisigh an National Suicide Review Group in 2003, chuir 200 duine a bhí 64 bliain d'aois agus os a chionn lámh ina mbás féin in Éirinn le linn na tréimhse 1996-2000. Seasann an figiúr seo do thart ar 9 faoin gcéad den líon iomlán d'fhéinmharuithe in Éirinn do na blianta atá i gceist. Ba fhir iad 146 den 200 duine aosta a chuir lámh ina mbás féin.

Tuarascáil NESF ar Cheisteanna a Bhaineann leis an Margadh Fostaíochta do Dhaoine Aosta

Baineadh an tátal as tuarascáil a bhí dírithe ar cheisteanna a bhaineann leis an margadh fostaíochta do dhaoine aosta in Éirinn a foilsíodh i lár 2003 go mba chóir go mbeadh níos mó saoirse rogha ag oibrithe faoin uair a théann siad ar scor, socruithe fostaíochta níos solúbtha agus timpeallacht oibre níos tacúla. D'aithin an tuarascáil dar teideal *Labour Market Issues for Older Workers* go mbaineann tábhacht leis na hiarmhairtí a bhaineann le fórsa oibre atá ag dul in aois ag leibhéal an duine aonair agus ag leibhéal na sochaí araon. Aithnítear gur féidir a bheith ag súil le béim níos mó ar aosú gníomhach sna blianta seo romhainn, chomh maith le páirtíocht leanúnach a spreagadh i réimse de raonta ar a n-áirítear an margadh fostaíochta.

D'aibhsigh an tuarascáil freisin gur gá an timpeallacht polasaí reatha agus na cleachtais fhostaíochta a oiriúnú ionas go dtacóidh fostóirí sna hearnálacha príomháideacha agus poiblí araon ar bhealach níos éifeachtaí leis an tsúil dhlisteanach atá ag fórsa fostaíochta atá ag aosú.

An Nasc Atá idir Bochtaineacht agus Neamhionannas á Aibhisiú ag Combat Poverty

Seoladh comhthuarascáil ar bhochtaineacht agus neamhionannas i mí an Mheithimh 2003 le Combat Poverty agus an tÚdarás Ionannais. Rinne an tuarascáil an nasc atá idir cur chun cinn an ionannais agus an próiseas frithbhochtaineachta a aibhisiú, agus dúirt go mba chóir don Rialtas bealach comhtháite profála níos daingne a ghlacadh nuair a bhíonn polasaí á cheapadh.

Éileamh ar Chairt Cheart do Chúramóirí Teaghlaigh

In 2003, d'éiligh Cumann na gCúramóirí Cairt Cheart don 120,000 cúramóir teaghlaigh a mheastar a bheith in Éirinn. Mhaígh an Cumann go bhfuil bearna na mblianta idir na seirbhísí agus na tacaí do chúramóirí a thugann aire do ghaolta aosta nó míchumasaithe anseo agus i dtíortha Eorpacha eile. Luaigh sé d'ainneoin go spárálann obair na gcúramóirí teaghlaigh thart ar €2 bhilliún in aghaidh na bliana don Stát, go bhfuil an earnáil neamhrialaithe agus tearcmhaoinithe agus na cúramóirí gan chearta maidir le híocaíocht agus coinníollacha oibre. Mhaígh an Cumann freisin go n-aithnítear obair chúramóirí i mórán tíortha Eorpacha eile agus go gcuirfí soláthraítear seirbhísí ar bhonn riachtanais an chúramóra aonair. D'éiligh sé go gcuirfí seirbhísí ar fáil ar bhonn riachtanas chúramóirí in ionad ar a n-ioncam agus go gcuirfí deireadh leis an rud ar ar thug sé 'tástáil pheannaideach acmhainne liúntais chúramóirí le haghaidh chúramóirí lánaimseartha'.



Comhall le Reachtaíocht agus Rialacháin Eile

Comhall le Reachtaíocht agus Rialacháin Eile

Mar áisínteacht reachtúil a bhfuil stádas neamhspleách agus dlíthiúil aici, tá an Chomhairle á rialú ina cuid oibre ag roinnt achtuithe reachtacha agus nósanna imeachta eile. Cuimsíonn siad:

- an t*Acht Cosanta Sonraí* (1988, 2003);
- an t*Acht um Shaoráil Faisnéise* (1997);
- an t*Acht um Chuntais a Íoc go Pras* (1997);
- an *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* (2001).

An t*Acht Cosanta Sonraí* (1988, 2003)

Le linn an dá mhí dhéag seo caite, ghlac an Chomhairle na céimeanna go léir is gá le cinntiú go bhfuil sí i gcomhall go hiomlán leis na riachtanais dlíthiúla a bhaineann le sonraí pearsanta a choinneáil agus a phróiseáil de réir mar atá leagtha amach san *Acht Cosanta Sonraí* (1988, 2003). Chun a cuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, is rialtóir cláraithe sonraí an Chomhairle le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, tá ráiteas polasaí aici ar chosaint sonraí, agus déanann a hOifigeach Acmhainní agus Foilseachán maoirseacht ar fheidhmiú an Achta laistigh den eagraíocht. Is eol don fhoireann go léir Polasaí Cosanta Sonraí na Comhairle agus tá nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm maidir leis na réimsí go léir a bhaineann leis an gComhairle a bheith ag coinneáil faisnéise ríomhairithe faoi dhaoine aonair.

An t*Acht um Shaoráil Faisnéise* (1997)

Tá an Chomhairle liostaithe mar áisínteacht faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise* (1997). I gcomhall leis an Acht, comhlíonann an tOifigeach Cumarsáide an ról mar Oifigeach Saorála Faisnéise laistigh den eagraíocht, agus tá Lámhleabhar na Comhairle ar fáil ach é a iarraidh. Ní bhfuair an Chomhairle aon achainí ar fhaisnéis faoin Acht in 2003.

An t*Acht um Chuntais a Íoc go Pras* (1997)

Tá an Chomhairle áirithe mar cheannaitheoir earraí liostaithe sa sceideal don *Acht um Chuntais a Íoc go Pras* (1997). Ón 2 Eanáir 1998, nuair a tháinig sé i bhfeidhm, chomhlíon an Chomhairle a chuid forálacha. De réir an Achta agus na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, tugtar an fhaisnéis seo a leanas.

Tá nósanna imeachta curtha i ngníomh ag an gComhairle le cinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe ar na sonraisc nó an teorainn ama reachtúil mura bhfuil aon tréimhse sonraithe. Cé go bhfuil na nósanna imeachta ceaptha le comhall leis an Acht a chinntiú, ní féidir leo ach ráthaíocht réasúnta agus ní ráthaíocht daingean a thabhairt in aghaidh neamhchomhaill ábhartha. D'fheidhmigh na nósanna imeachta seo sa tréimhse atá á haithbhreithniú agus níor thabhaigh an Chomhairle aon íocaíocht úis in 2003.

An *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* (2001)

D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais an *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* i nDeireadh Fómhair 2001. Faoin gCód, is gá do bhoird chomhlachtaí stáit, ar ceann díobh an Chomhairle, a bheith ag tnúth le 'rialú corparáideach' den chaighdeán is airde, coincheap a shainmhínítear mar 'bhainistíocht na bainistíochta'. I mí Feabhra 2002, chuir an tAire Sláinte agus Leanaí an Cód ar aghaidh go dtí an Chomhairle. Dá bhrí sin, le linn 2003 chomhlíon an Chomhairle forálacha an Chóid mar a ceapadh é ina Lámhleabhar Nósanna Imeachta féin. I gcomhall leis an gCód, tá Ráiteas Cuntas maraon le Ráiteas i dtaca le Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais de chuid na Comhairle curtha isteach sa tuarascáil seo. Cuirtear é sin ar aghaidh go dtí an tAire Sláinte agus Leanaí maraon le Ráiteas Measúnachta an Chathaoirligh ar rialuithe inmheánacha airgeadais na Comhairle.



Cuntais

NATIONAL COUNCIL ON AGEING AND OLDER PEOPLE

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas

I have audited the financial statements on pages 4 to 10 under Section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act, 1993.

Respective Responsibilities of the Council and the Comptroller and Auditor General

The accounting responsibilities of the Council are set out in the Statement of the Council's Responsibilities on page 3. It is my responsibility, based on my audit, to form an independent opinion on the financial statements presented to me by the Council and to report on them.

I review whether the statement on pages 1 and 2 reflects the Council's compliance with applicable guidance on corporate governance and report any material instance where it does not do so, or if the statement is misleading or inconsistent with other information of which I am aware from my audit of the financial statements.

Basis of Audit Opinion

In the exercise of my function as Comptroller and Auditor General, I conducted my audit of the financial statements in accordance with auditing standards issued by the Auditing Practices Board and by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgments made in the preparation of the financial statements, and of whether the accounting policies are appropriate to the Council's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

I planned and performed my audit so as to obtain all the information and explanations that I considered necessary to provide me with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming my opinion I also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

Opinion

In my opinion, proper books of account have been kept by the Council and the financial statements, which are in agreement with them and have been properly prepared in accordance with accounting policies laid down by the Minister for Health and Children, give a true and fair view of the state of affairs of the National Council on Ageing and Older People at 31 December 2003 and of its income and expenditure for the year then ended.

Gerard Smyth
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
30 **April 2004**

Clár

Ráiteas ar Chóras Rialuithe Inmheánacha Airgeadais	**1**
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle	**2**
Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta	**3**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2003	**4**
Clár Comhardaithe mar a Bhí ar 31 Nollaig 2003	**5**
Nótaí do na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2003	**6**

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2003

Ráiteas ar Chóras Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

1. Ar son na Comhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta, admhaímid an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais. Déantar cur síos air sin i Lámhleabhar Bhaill na Comhairle.

2. Soláthraíonn an córas ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht ghlan, go ndéantar sóchmhainní a chosaint, go ndéantar bearta a údarú agus a chlárú mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc, nó go ndéanfaí iad a bhrath laistigh de thréimhse luath.

3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

   Ar na príomhnósanna imeachta i gcóras rialuithe inmheánacha airgeadais na Comhairle atá curtha i bhfeidhm áirítear:

   - bearta a glacadh chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú. Tá siad seo curtha in iúl i Lámhleabhar Bhaill na Comhairle, i Lámhleabhar Fhoireann na Comhairle agus i Lámhleabhar Bheartais agus Nósanna Imeachta na Comhairle. Déantar freagracht na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir agus tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaithe chuí a éascú;
   - bearta chun rioscaí gnó áirithe a shainaithint, a mheasúnú agus chun comhaontú ar conas aghaidh a thabhairt orthu (nósanna imeachta rialaithe); tá cineál agus méid na rioscaí ábhartha sainaitheanta, agus mar a chéile tá cumas na Comhairle chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
   - tá an córas rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear leithlisiú dualgas agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Tugadh córas faisnéise isteach le miontuairisciú buiséadach a chinntiú agus chun na bealaí a sholáthar le torthaí a chur i gcomparáid le buiséid le linn na bliana airgeadais;
   - tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gComhairle, a oibríonn de réir Chreatchód an Chleachtais is Fearr atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca atá i mbealach na Comhairle, agus bíonn pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Tugann an Fochóiste Iniúchóireachta tacaíocht don anailís riosca agus do na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus faomhann an Chomhairle iad. Soláthraíonn an t-iniúchóir inmheánach tuairisc ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí don Chomhairle in aghaidh na bliana. Cuimsíonn an tuairisc sin tuairim an iniúchóra inmheánaigh maidir le leordhóthain agus éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais;
   - thug an Chomhairle nósanna imeachta monatóireachta isteach le cinntiú go bhfuil an córas ag oibriú go héifeachtach. Mar bhonn leis, tá obair an iniúchóra inmheánaigh, an Fochoiste Iniúchóireachta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus Stiúrthóir na Comhairle a bhfuil freagracht air as forbairt agus coinneáil an chreata rialuithe airgeadais, agus ráitis a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina thuairisc de réir mar is oiriúnach.

4. Aithbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

   - Daingnímid go ndearna an Chomhairle aithbhreithniú i Márta 2004 ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003.

5. Is é tuairim na Comhairle go bhfeidhmíonn córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais laistigh den eagraíocht. Níor aimsíodh aon laigí nó earráidí ábhartha sna rialuithe inmheánacha airgeadais a bheadh ina gcúis le caillteanas, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha. Dearbhaíonn aithbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta a rinne Fochoiste Iniúchóireachta ar son na Comhairle an dearcadh sin.

Eibhleen Byrne	Bernard Thurkson	21st April 2004
Cathaoirleach na Comhairle	*Ball den Chomhairle*	*Dáta*

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle

Ar an 19 Márta 1997, rinne an tAire Sláinte agus Leanaí, agus é ag feidhmiú na gcumhachtaí a bronnadh air ag Altanna 3 go 6 den Acht Sláinte (Comhlachtaí Corparáideacha) 1961 mar atá leasaithe ag Alt 22 den Acht Slainte (Leasú) 1996, ordú a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta in ionad na Comhairle Náisiúnta do Dhaoine Aosta. Cuireann an Chomhairle nua, inter alia, comhairle ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus ar Airí eile maidir le gach gné a bhaineann le haosú agus leas daoine aosta.

Éilíonn Alt 16 den Ordú a bhunaigh an Chomhairle (I.R. Uimh. 120 de 1997) ar an gComhairle gach gnáthchuntas ceart a choinneáil ar an airgead go léir a fuarthas nó a caitheadh ar a n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an gComhairle:

- beartais cuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta oiriúnacha a nochtadh agus a mhíniú,
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag feidhmiú.

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta am ar bith suíomh na Comhairle ó thaobh airgid agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 16 den ordú bunaithe. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a cuid sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach na Comhairle	*Ball den Chomhairle*	*Dáta*

1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar atá ráite thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir chleachtais a bhfuil glacadh leis go coitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairisce Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasóireachta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm, mar a chuirtear in iúl thíos. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais ná an Euro.

2. Ioncam

Seasann an t-ioncam a léirítear sna cuntais faoi Dheontais Oireachtais don mhéid iarbhír a fuarthas sa bhliain.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

(i) Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímheas carntha.

(ii) Déantar dímheas ar Shócmhainní Seasta de réir rátaí bliantúla ar bhonn dronlíneach atá measta chun na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolta úsáideacha. Gearrtar dímheas de réir leath an ráta bhliantúil i mbliain an cheannaigh. Tá an dímheas de réir na rátaí seo a leanas:

Trealamh Oifige	20%
Troscán Oifige	12.5%

4. Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil do luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear le sócmhainní seasta a mhaoiniú.

5. Aoisliúntas

Tá faomhadh tugtha ag an Aire Sláinte agus Leanaí go ligfí an Chomhairle isteach sa Scéim Aoisliúntais d'Áisíneachtaí Sláinte Ainmnithe. Is scéim ranníocach sochair shainnithe é seo. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoin scéim as ioncam reatha agus muirearaítear iad do Chuntas Ioncam agus Caiteachais na bliana ina mbeidh siad iníoctha. De réir threorú ón Aire Sláinte agus Leanaí, ní dearnadh aon soláthar sna ráitis airgeadais maidir le sochair atá iníoctha.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2003

	Nótaí	2003 €	2003 €	2002 €	2002 €
Ioncam					
Deontais Oireachtais	1	1,055,000		1,021,000	
Foilseacháin		11,674		10,175	
Táillí Comhdhála agus Seimineáir	2	31,950		18,981	
			1,098,624		1,050,156
Aistriú (go)/ó Chuntas Caipitil	10		20,173		(20,857)
			1,118,797		1,029,299
Caiteachas					
Tuarastail agus Pá		540,157		370,580	
Taisteal		48,175		58,107	
Bunaíocht	3	197,481		130,367	
Riarachán Oifige	4	40,526		66,253	
Foilseacháin agus Priontáil		52,681		53,586	
Comhdhálacha agus Seimineáir		45,037		56,110	
Staidéir Taighde	5	119,407		152,372	
Grúpa Oibre ar Mhí-Úsáid Daoine Scothaosta	6	761		137,842	
Táille Iniúcóireachta		2,800		2,750	
			1,047,025		1,027,967
Barrachas don Bhliain			71,772		1,332
Iarmhéid mar a bhí ar 1 Eanáir			16,600		15,268
Iarmhéid mar a bhí ar 31 Nollaig			88,372		16,600

Ní raibh aon bhrabús ná caillteanas ag an gComhairle, sa bhliain airgeadais ná sa bhliain airgeadais roimpi, seachas iad siúd ar déileáladh leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais agus Nótaí Cuntasaíochta 1 go 12.

Cathaoirleach na Comhairle *Ball den Chomhairle* *Dáta*

Clár Comhardaithe mar a Bhí ar 31 Nollaig 2003

	Nótaí	2003 €	2003 €	2002 €	2002 €
Sócmhainní Seasta	7		54,478		74,651
Sócmhainní Reatha					
Airgead ar láimh		89		4	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	8	16,776		24,868	
Banc		77,094		413	
Sócmhainní Reatha Iomlán		93,959		25,285	
Dliteanas Reatha					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	9	5,587		8,685	
Glansócmhainní Reatha			88,372		16,600
Glansócmhainní			142,850		91,251
Léirithe ag:					
Cuntas Caipitil	10		54,478		74,651
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			88,372		16,600
			142,850		91,251

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

Éamonn Byrne — Bernard Allen — 21st April 2004

Cathaoirleach na Comhairle — *Ball den Chomhairle* — *Dáta*

	2003 €	2002 €
1. Deontais Oireachtais		
Leithdháileadh Ginearálta ón Roinn Sláinte agus Leanaí	960,000	926,000
Leithdháileadh do chostais Chur i bhFeidhm Mhí-Úsáid Daoine Scothaosta agus	–	95,000
Chláir d'Aosú Sláintiúil	70,000	–
Costais Tagarmharcála	25,000	–
	1,055,000	1,021,000

2. Táillí Comhdhála agus Seimineáir

Seasann an t-airgead seo do tháillí a fuarthas ar Chomhdháil Náisiúnta ar Aosú Slaintiúil a tionóladh ar an 25 Samhain 2003 agus ar Chomhdháil ar Ról agus ar Fhorbairt Sheirbhísí Lae sa Todhchaí do Dhaoine Aosta in Éirinn a tionóladh ar an 27 Bealtaine 2003.

3. Bunaíocht		
Cíos agus Rátaí	143,580	78,729
Táillí Seirbhísí	6,899	3,634
Teas agus Solas	4,617	2,731
Athchóiriú, Cothabháil agus Deisiúcháin	8,386	13,286
Dímheas	22,291	23,250
Árachas	11,042	8,652
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne Reatha	666	85
	197,481	130,367
4. Riarachán Oifige		
Postas agus Teileafón	17,648	18,666
Stáiseanóireacht agus Soláthairthí Oifige Eile	13,299	18,963
Oiliúint Foirne	1,880	2,329
Síntiúis, etc.	2,980	3,799
Fógraíocht	1,331	11,618
Táillí Proifisiúnta	2,797	10,224
Táillí Bainc	591	654
	40,526	66,253

	2003 €	2002 €
5. Staidéir Thaighde		
Staidéar Uile-Éireann ar Aoiseachas	12,200	–
Aireachtálacha agus Cleachtaí ar Aoiseachas in Earnáil na Sláinte	23,800	–
Leithlis Shóisialta agus Uaigneas i measc Daoine Aosta	31,218	–
Réamh-mheas Daonra agus Anailís Dhéimeagrafach ar Shonraí Dhaonáirimh 2002	3,000	–
Anailís Thánaisteach ar Shonraí Slán	12,000	–
Taighde le hAghaidh Bhunachair Sonraí Aosaithe Sláintiúil	17,391	26,000
Ríomhchlárú Bunachair Sonraí Aosaithe Sláintiúil	3,000	3,000
Seirbhísí Cúraim Lae in Éirinn	–	44,940
Fostaíocht agus Scor Céim II	–	50,784
Forbairt Creata d'Aosú Sláintiúil	–	2,477
Riachtanais Faisnéise atá ag Daoine Aosta in Éirinn	–	20,966
Imeachtaí Chomhdhálacha agus Sheimineár	5,650	4,205
Straitéis 2004-2006	2,000	–
Feasacht Phoiblí ar Aoiseachas a Chur chun Cinn	9,148	–
	119,407	152,372
6. Grúpa Oibre ar Mhí-Úsáid Daoine Scothaosta		
Tuarastail	–	65,423
Taisteal agus Cruinnithe	643	8,700
Solas agus Teas	–	455
Teileafón agus Postas	4	4,517
Stáiseanóireacht agus Soláthairthí Oifige	114	5,597
Deisiúcháin agus Cothabháil	–	1,051
Cíos agus Árachas	–	8,797
Táillí Proifisiúnta	–	3,779
Sainchomhairleoirí Taighde	–	26,254
Foilseacháin	–	12,802
Dímheas	–	467
	761	137,842

7. Sócmhainní Seasta

	Trealamh Oifige		Troscán Oifige		Iomlán	
	€	€	€	€	€	€
Costas ar 31 Nollaig 2002	171,644		33,668		205,312	
Breiseanna sa bhliain	2,784		–		2,784	
Diúscairtí sa bhliain	(53,454)		(576)		(54,030)	
		120,974		33,092		154,066
Dímheas						
Dímheas Carntha mar a bhí ar 31 Nollaig 2002	112,192		18,469		130,661	
Muirear dímheasa don bhliain	18,165		4,126		22,291	
Dímheas ar dhiúscairt	(52,788)		(576)		(53,364)	
Dímheas carntha mar a bhí ar an 31 Nollaig 2003		77,569		22,019		99,588
Leabharluach Glan ar 31 Nollaig 2003		43,405		11,073		54,478
Leabharluach Glan ar 31 Nollaig 2002		59,452		15,199		74,651

Baineann diúscairtí trealaimh oifige le díscríobh ar mhíreanna atá dulta as feidhm nó caite i dtraipisí roimhe sin ach a d'fhan ar Chlár na Sócmhainní Seasta go dtí 2003.

	2003 €	2002 €
8. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		
Féichiúnaithe Trádála	1,513	–
Foilseacháin	320	743
Comhdhálacha	1,750	330
Réamhíocaíochtaí	13,193	23,795
	16,776	24,868
9. Creidiúnaithe agus Fabhruithe		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	1,692	4,963
Táille Iniúchóireachta	2,800	2,750
Táille Cuntasaíochta	972	972
Dleachtanna Ceardchumainn	23	–
Comharchreidmheasa d'Fhoirne Sheirbhísí Sláinte	100	–
	5,587	8,685

	2003 €	2003 €	2002 €	2002 €
10. Cuntas Caipitil				
Iarmhéid ar 1 Eanáir		74,651		53,794
Aistriú (go)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais				
- Ioncam leithdháilte le haghaidh chuspóirí Caipitil	2,784		44,699	
- Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne	(22,291)		(23,717)	
- Méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(666)		(125)	
		(20,173)		20,857
Iarmhéid ar 31 Nollaig		54,478		74,651

11. Ceangaltais Faoi Léasanna Oibriúcháin

Is ionann agus €135,520 na ceangaltais léasanna atá iníoctha sna chéad dhá mhí dhéag agus cuimsíonn siad na cíosanna atá iníoctha ar leasa léasacha na Comhairle i ndá mhaoin.

12. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Chomhairle na ráitis airgeadais seo ar an 10 Márta 2004.



Foilseacháin

Foilseacháin

Tuarascálacha

Uimh.	Ainm na Tuarascála	Praghas	P&P
1	Day Hospital Care	€0.63	€0.63
2	Retirement: A General Review	€0.63	€0.76
4	Community Services for the Elderly	€0.47	€0.76
5	Seminar Proceedings: Retirement Age – Fixed or Flexible?	€0.63	€1.14
6	The World of the Elderly: The Rural Experience	€1.90	€1.14
7	Incomes of the Elderly in Ireland: And an Analysis of the State's Contribution	€2.54	€1.90
9	Home from Home? Report on Boarding Out Schemes for Older People in Ireland	€2.54	€1.14
10	Housing for the Elderly in Ireland	€2.86	€1.90
11	Institutional Care of the Elderly in Ireland	€2.86	€1.90
12	This is Our World: Perspectives of Some Elderly People on Life in Suburban Dublin	€1.90	€1.14
13	Nursing Homes in the Republic of Ireland: Study of the Private and Voluntary Sector	€3.17	€1.90
14	'It's Our Home': The Quality of Life in Private and Voluntary Nursing Homes	€3.17	€1.90
15	The Elderly in the Community: Transport and Access to Services in Rural Areas	€1.90	€1.14
16	Attitudes of Young People to Ageing and the Elderly	€0.63	€1.14
17	Choices in Community Care: Day Centres for Elderly in the EHB	€2.38	€1.90
18	Caring for the Elderly. Part 1: A Study of Carers at Home and in the Community	€2.54	€1.14
19	Caring for the Elderly. Part II: The Caring Process: A Study of Carers in the Home	€4.44	€1.90
20	Sheltered Housing in Ireland: Its Role and Contribution in the Care of the Elderly	€4.44	€1.90
22	The Role and Future Development of Nursing Homes in Ireland	€4.44	€1.90
23a	Coordinating Services for the Elderly at the Local Level: Swimming against the Tide	€4.44	€1.90
23b	Coordinating Services for the Elderly at the Local Level. Summary of Evaluation on Two Pilot Projects	€0.63	€0.76
24	The Impact of Social and Economic Policies on Older People in Ireland	€3.81	€1.14
25	Voluntary-Statutory Partnership in Community Care of Elderly	€5.08	€1.90
26	Measures to Promote Health and Autonomy for Older People: A Position Paper	€2.54	€1.14

27	Seminar Proceedings: Coordination of Services for the Elderly at the Local Level	€2.54	€1.14
28	Conference Proceedings: Voluntary-Statutory Partnership in Community Care of the Elderly	€2.54	€1.14
29	Conference Proceedings: Dementia Services: Information and Development	€2.54	€1.14
30	Bearing Fruit. A Manual for Primary Schools	€4.44	€1.90
31	In Due Season. A Manual for Post-primary Schools	€4.44	€1.90
32	Conference Proceedings: Measures to Promote the Health and Autonomy of Older People in Ireland	€5.71	€1.90
33	Round Table Proceedings: Theories of Ageing and Attitudes to Ageing	€1.90	€1.14
35	The Economics and Financing of Long-Term Care of the Elderly in Ireland	€8.89	€1.90
36	Home Help Services for Elderly People in Ireland	€7.14	€3.17
37	Older People in Ireland. Social Problem or Human Resource?	€3.81	€1.14
38	Seminar Proceedings: The Economics and Financing of Long-Term Care in Ireland	€3.81	€1.14
39	Health and Autonomy among the Over-65s in Ireland	€10.79	€1.90
40	Support Services for Elderly People Living at Home	€8.09	€1.90
41	Conference Proceedings: Home Help Services for Elderly People in Ireland	€5.08	€1.14
42	Health and Social Care Implications of Population Ageing In Ireland, 1991-2011	€5.08	€1.14
43	Conference Proceedings: Planning Health and Social Care Services for the Elderly	€5.08	€1.14
44	Elderly Return Migration from Britain to Ireland. A Preliminary Study	€6.35	€1.14
45	Mental Disorders in Older Irish People: Incidence, Prevalence and Treatment	€9.52	€1.90
46	Conference Proceedings: Mental Disorders in Older Irish People: Incidence, Prevalence and Treatment	€5.08	€1.14
47	Training Carers of Older People: An Advisory Report	€9.52	€1.90
48	The Years Ahead Report: A Review of the Implementation of its Recommendations	€12.70	€3.17
49	Conference Proceedings: Review of the Recommendations of the Years Ahead Report	€8.63	€1.90
50	Adding Years to Life and Life to Years: A Health Promotion Strategy for Older People in Ireland	€6.35	€1.90
51	The Law and Older People: A Handbook for Service Providers	€15.87	€2.29
52	Abuse, Neglect and Mistreatment of Older People	€7.62	€1.90
53	The Future Organisation of the Home Help Service in Ireland	€7.62	€1.46

54	An Action Plan for Dementia	€10.79		€1.90
55	Income, Deprivation and Well-Being among Older Irish People	€8.89		€1.90
56	Conference Proceedings: Planning for Dementia Care in Ireland	€5.72		€1.46
57	Young and Old	€19.05		€1.90
59	Conference Proceedings: What Works in Health Promotion for Older People in Ireland	FOC		FOC
60	Costs of Caring for People with Dementia and Related Cognitive Impairments	€12.70		€1.52
62	A Framework for Quality In Long-Term Residential Care for Older People in Ireland	€8.89		€1.46
63	Conference Proceedings: Towards a Society for All Ages	€9.52		€1.46
64	Health and Social Services for Older People (HeSSOP)	€22.86		€3.17
65	Conference Proceedings: Employment & Retirement Among the Over-55s	€13.50		€1.90
66	Care and Case Management	€16.51		€1.90
67	Older People's Preferences for Employment and Retirement	€10.54		€1.90
69	Meeting the Health, Social Care and Welfare Services Information Needs of Older People in Ireland	€16.00		€2.80
71	Conference Proceedings: Towards Care Management in Ireland	€16.00		€1.90
72	Conference Proceedings: Assessment of Older People's Health and Social Care Needs and Preferences	€16.00		€1.90
73	Protecting Our Future (Report of the Working Group on Elder Abuse)	€4.00		€1.90
74	The Role and Future Development of Day Services in Ireland	€17.00		€3.00
76	Directory of Healthy Ageing Information Resources for Older People	€2.00		€0.90
77	Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation	€17		€3.00

Uimh.	Teideal	Praghas
FF1	Demography	€1.41
FF2	Physical Health	€1.41
FF3	Income	€1.41
FF4	Work and Retirement	€1.41
FF5	Housing	€1.41
FF6	Community Care Services	€1.41
FF7	Long-Stay Care	€1.41
FF8	Mental Disorders	€1.41
FF9	Carers	€1.41
FF10	Voluntary Sector Services	€1.41
FF11	Crime	€1.41
FF12	Return Migration	€1.41
FF13	Age and Attitudes	€1.41
FF14	Accidents and Safety	€1.41

Chun foilseacháin na Comhairle a ordú, déan teagmháil le do thoil le:

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Teil (01) 676 6484
Facs (01) 676 5754
R-phost info@ncaop.ie
Gréasán www.ncaop.ie

A tháirgeadh ag **first impression**

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta

22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 676 6484
R-phost: info@ncaop.ie

National Council on Ageing and Older People

22 Clanwilliam Square
Grand Canal Quay
Dublin 2

Facs: 01 676 5754
Gréasán: www.ncaop.ie